
An Coimisiún um
**Rialáil Cumarsáide**



# Tuarascáil Bhliantúil

AN BHLIAIN DAR CRÍOCH MEITHEAMH 2005

Curtha faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha de réir Alt 32 den Acht um Rialachán Cumarsáide, 2002.

## Ráiteas Misin

Éascóidh an Coimisiún um Rialáil Chumarsáide, i leith a chumhachtaí, forbairt margaidh atá dinimiceach, éifeachtach agus iomaíoch do chumarsáid leictreonach agus líonraí agus seirbhísí poist chun sochair phobal na hÉireann.

## Luachanna

- Ionracas
- Gairmiúlacht
- Neamhchlaontacht
- Éifeachtúlacht
- Trédhearcacht



# Contents


Eolas faoi ComReg

- Coimisinéirí 02
- Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin 03
- Struchtúr Eagraíochtúil 04
- Ról ComReg 07
- Athbhreithniú an Chathaoirligh 08

Sracfhéachaint ar an Earnáil Chumarsáide 10

Iomaíocht 12

Nuálaíocht 16

Tomhaltóirí 20

Ceadúnú Raidió 24

Bainistíocht Speictrim 30

Uimhriú 34

Rialáil Phoist 36

Gnóthaí Inmheánacha 40

Gnóthaí Corparáideacha 41

Cumarsáid agus Foilseacháin 42

Rialachas Corparáideach 42

Faisnéis Airgeadais 43

Aguisín 1 Liosta na gcáipéisí oilsithe ag Comreg i rith na bliana 59




# Coimisinéirí



**Mike Byrne**
Coimisinéir

**Isolde Goggin**
Coimisinéir (Cathaoirleach)

**John Doherty**
Coimisinéir

# Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin



**Donal Leavy**
Stiúrthóir
Mórdhíol



**Shay O'Malley**
Stiúrthóir
Gnóthaí
Corparáideacha



**Gary Healy**
Stiúrthóir
Forbairt an Mhargaidh



**Dermot Nolan**
Stiúrthóir
Miondíol



**Sebastian Farr**
Comhairleoir
Sinsearach Dlí



**David Gunning**
Stiúrthóir
Creat an Mhargaidh

# Struchtúr Eagraíochtúil

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Chumarsáide (ComReg) an 1 Nollaig, 2002. Tá ComReg faoi cheannas trí Choimisinéir: Isolde Goggin (Cathaoirleach), John Doherty agus Mike Byrne. Is éard atá ann ná, cúig Rannáin le tacaíocht ó Chomhairleoir Sinsearach Dlí. Tá an struchtúr bunaithe ar fhoirne trasfheidhmiúla ag feidhmiú i dtimpeallacht ildisciplíneach.

Tá réimse leathan freagrachtaí ar ComReg i seirbhísí agus i líonraí cumarsáide leictreonacha, poist agus bainistíocht speictrim. Cuireann ComReg trí phríomh acht i bhfeidhm i ndáil le teileachumarsáid, trí Achtanna déag sa réimse raidió – theileagrafaíochta agus bainistíocht speictrim, agus iliomad ionstram reachtúil a chumhdaíonn gach ceann de na hearnálacha seo. Tá ComReg freagrach as iomaíocht a chothú, as tomhaltóirí a chosaint agus as nuálaíocht a spreagadh. Déileálaimid le saincheisteanna casta, an dlí, eacnamaíocht agus teicneolaíocht agus déanaimid gach iarracht deimhin a dhéanamh de go ndéantar cinntí go cóir agus go mínítear go soiléir iad.

Feidhmíonn an Coimisiún mar chomhlacht coláisteach agus déanann na trí choimisinéirí cinntí le chéile. Feictear dúinn go bhfuil sé sin ag comhlánú spiorad an Acht um Rialachán Cumarsáide, 2002, a bhunaigh an Coimisiún. D'aontaigh na Coimisinéirí go gcuirfeadh na trí rólanna tras-eagraíochtúla le luach na hoibre a dhéanann an eagraíocht, rochtain a bheith níos fusa do pháirtithe leasmhara seachtracha cosúil leis an tionscail teileachumarsáide, Rialtas, tomhaltóirí, gnónna agus grúpaí ionadaíocha agus go n-éascófar cumarsáid inmheánach.

### Cathaoirleach an Choimisiúin - Isolde Goggin

Tá Isolde Goggin freagrach as an ról Nuálaíochta. San áireamh faoi nuálaíocht tá nuálaíochtaí rialála, cosúil leis an gcéad babhta athbhreithnithe margaidh faoin gcreat nua rialaithe Eorpaigh, agus nuálaíochtaí teicniúla a chríochnú. Chomh maith leis sin áiríonn an ról athbhreithniú ar straitéis speictrim ComReg, tionscnaimh nua sa réimse a bhaineann le ceadúnú gan sreang, agus cur chun cinn na hÉireann mar ionad tástála d'úsáidí nuálaíocha speictrim. Chomh maith leis sin, clúdaíonn sé forbairt ar straitéis rialaithe teileachumarsáide um fhéachaint chun cinn, ag cur treochtaí nua teicniúla, eacnamaíocha agus rialaithe san áireamh. Cumhdaíonn sé éabhlóid na seirbhísí poist agus an creat rialaithe a bhaineann leis sin.

### An Coimisinéir Mike Byrne

Is é Mike Byrne atá i gceannas ar ghnóthaí an Tomhaltóra a eagrú agus is é atá i gceannas ar leasanna na n-úsáideoirí a chothú. San áireamh i ról na ngnóthaí tomhaltóirí tá tomhaltóirí gnó agus cónaitheacha, mar aon le príomheagraíochtaí ionadaíocha tomhaltóirí agus teileachumarsáide, oibríochtaí ceadúnaithe speictrim agus seirbhísí poist. Áiríonn sé forbairtí rialaithe a mbíonn éifeacht acu ar thomhaltóirí miondíola, lena n-áirítear iarratais ar fhorálacha cosanta tomhaltóirí ar Threoracha um Sheirbhís Uilíoch agus Post. Breathnaíonn Mike i ndiaidh bearta faisnéise réamhghníomhaíochta do thomhaltóirí, cosúil le treoirleabhair do thomhaltóirí, agus láithreán gréasáin phraghsanna comparáideacha ComReg – callcosts.ie agus an fheidhm um chúram tomhaltóra laistigh de ComReg. Breathnaíonn an ról seo i ndiaidh forbartha straitéisí na feidhme Oibríochtaí Ceadúnaithe laistigh de ComReg, a bhíonn ag déileáil le níos mó ná 17,000 ceadúnas in aghaidh na bliana.

### An Coimisinéir John Doherty

Tá John Doherty i bhfeighil na punainne Iomaíochta. Is éard atá i gceist leis seo ná uasmhéid iomaíochta a chumasú sa Leathanbhanda agus Prótacal Idirlín Ghuthaithe, lena n-áirítear LLU, sruth giotáin, leathanbhanda gan sreang (leathanbhanda móibíleach gan sreang san áireamh), infrastruchtúr cábla agus malartach. Tá John i gceannas ar ardiomaíocht a chur chun cinn san earnáil mhóibíleach trí iontrálaithe MVNO, athbhreithniú a dhéanamh, agus leasuithe a dhéanamh i réim praghsála mórdhíola líonraí fosaithe, agus féachaint i ndiaidh comhlíonadh oibreoirí le dualgais faoi na creata rialaithe do theileachumarsáid, speictream agus an tseirbhís poist.

Déan Teagmháil le: Marie Cussen
Cúntóir Feidhmiúcháin chuig an gCoimisiún
Fón: 01 8049689

Colette Andrews
Cúntóir Feidhmiúcháin chuig an gCoimisiún
Fón: 01 8049644

## Is iad Stiúrthóirí Rannáin ComReg ná:

### Creat Margaidh - Stiúrthóir: David Gunning

Tá Creat an Mhargaidh freagrach as an réim ghinearálta údaraithe don earnáil chumarsáide leictreonaí in Éirinn agus déanann sé maoirseacht ar chomhlánú na gcoinníollacha ginearálta údaraithe. Bainistíonn Creat an Mhargaidh an speictream raidió agus eisíonn sé tuairim is 17,000 ceadúnas raidió – theileagrafaíochta chuig cuideachtaí agus chuig daoine aonair. Anuas air sin bainistíonn Creat an Mhargaidh Plean Uimhrithe Náisiúnta na hÉireann, chomh maith leis an gcreat a chur ar fáil d'earraí nua rialaithe do na margaí fosaithe agus do na margaí gan sreang ar aon. Déileálann an rannán le rialú na hearnála poist chomh maith.

Déan Teagmháil le: Sinead Devey,
Cúntóir Rannáin ag 01 8049621

### Mórdhíol-Stiúrthóir: Donal Leavy

Déileálann an Rannán Mórdhíola le saincheisteanna ó lá go lá a bhaineann le rialáil an mhargaidh agus a leithéid de shaincheisteanna san áireamh ann ar nós, idirnascthacht, díospóidí a réiteach agus an lúb logánta a díchuachadh. Tá an Rannán seo freagrach as na gnéithe rialaitheacha airgeadais a bhaineann leis an earnáil teileachumarsáide agus rialú airgeadais ComReg.

Déan Teagmháil le: Sharon Ward,
Cúntóir Rannáin ag 01 8049710

### Miondíol – Stiúrthóir: An Dr. Dermot Nolan

Déileálann an Rannán Miondíola le beartas i ndáil le hidirghníomhaíochtaí na dtomhaltóirí go díreach le díoltóirí na seirbhísí. San áireamh tá réimsí cosúil le, soláthar seirbhíse uilíche rochtana ar theileachumarsáid, cearta na dtomhaltóirí, roinnt phraghsáil mhiondíola, agus bailiú agus cur i láthair tuairimí na dtomhaltóirí agus lucht ghnó faoin margadh teileachumarsáide trí shuirbhéanna. Tá an Rannán freagrach chomh maith as comhairle eacnamaíoch a sholáthar chuig an gCoimisiún.

Déan Teagmháil le: Michelle Townshend,
Cúntóir Rannáin ag 01 8049654

### Forbairt an Mhargaidh - Stiúrthóir: Gary Healy

Tá Forbairt an Mhargaidh freagrach as tuiscint a fhorbairt agus cothabháil faoi stádas agus an fhorbairt a d'fhéadfadh a bheith ar an earnáil chumarsáide. Is croí ghníomhaíocht den Rannán seo faisnéis a aithint agus a bhailiú a chumasóidh ComReg chun aon fhorbairtí nua agus aon treochtaí nua sa todhchaí a thuar. Tá sé freagrach chomh maith as athbhreithnithe margaidh a dhéanamh mar a bhí sonraithe i gCreat Rialaitheach an AE agus as Coimisiún na hEorpa a chur ar an eolas faoi thoradh anailíse de chuid ComReg. Eisíonn Forbairt an Mhargaidh Tuarascálacha Ráithithe ar stad an mhargaidh theileachumarsáide, foilsíonn sé faisnéis ó shuirbhéanna agus déanann sé caidreamh rialta leis na comhlachtaí idirnáisiúnta teileachumarsáide cosúil leis an OECD maidir le faisnéis an mhargaidh.

Déan Teagmháil le: Sonja Owens,
Cúntóir Rannáin ag 01 8049738

### Rannán na nGnóthaí Corparáideacha - Stiúrthóir: Shay O'Malley

Forbraíonn an Rannán seo straitéis nua-aimseartha gnóthaí corparáideacha agus cumarsáide deartha chun cur le feidhmíocht eagraíochtúil agus éifeachtúil. Tá sé freagrach as acmhainní daonna, córais faisnéise, caidreamh poblí, saoráil faisnéise agus as feidhmeanna um bhainistíocht áiseanna.

Déan Teagmháil le: Triona Kelly,
Cúntóir Rannáin ag 01 8049751

# Struchtúr Eagraíochtúil

AR LEAN

### An tAonad Cumarsáide

Eisíonn an tAonad Cumarsáide, atá ina chuid den Rannán um Ghnóthaí Corparáideacha, preasráitis agus cuireann sé teachtaireachtaí agus ráitis in iúl do na meáin agus don phobal go ginearálta thar ceann ComReg. Bainistíonn an t-aonad seo ár láithreán gréasáin, eagraíonn sé comhdhálacha agus seimineáir agus foilsíonn sé ár dtuarascálacha bliantúla, nuachtlitir ráithithe ComReg san áireamh.

Déan Teagmháil le: Tom Butler,
Bainisteoir Cumarsáide ag 01 8049639

Déan Teagmháil le: Kerry O'Hare,
Feidhmeannach Cumarsáide ag 01 8049661

### Comhairleoir Sinsearach Dlí Sebastian Farr

Tugann an Comhairleoir Sinsearach Dlí comhairle faoi gach príomhábhar dlí agus ar impleachtaí beartais chumarsáide in Éirinn agus san AE.

Déan Teagmháil le: Clare Kelly,
Cúntóir Rannáin 01-8049628

# Ról ComReg

Is é ComReg an comhlacht reachtúil atá freagrach as rialú na cumarsáide leictreonaí (teileachumarsáid, cumarsáid raidió agus craoladh) agus na hearnálacha poist. Is é ComReg an t-údarás náisiúnta do na hearnálacha seo de réir Dlí na hÉireann agus an AE.

Clúdaíonn ár sainchúram líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide lena n-áirítear:

- Córais Fosaithe teileafóin;
- Líonraí móibíleacha a sholáthraíonn seirbhísí faisnéise agus guthaithe;
- Cumarsáid Raidió lena n-áirítear cumarsáid fosaithe gan sreang a sholáthraíonn réimse seirbhísí;
- Teilifís trastíre agus tarchur raidió;
- Teilifís ar Chábla:
- Oibríochtaí MMDS agus sraonairí a sholáthraíonn seirbhísí teilifíse;
- Creat Ceadúnais do Sheirbhísí Satailíte in Éirinn.

Ina theannta sin, de réir Alt 10 agus Alt 12 den Acht um Rialachán Cumarsáide 2002, tá réimse feidhmeanna agus spriocanna ag ComReg maidir le líonraí cumarsáide leictreonacha, seirbhísí cumarsáide leictreonacha agus áiseanna bainteach leis agus post a sholáthar. Ina measc seo tá:

- chomhlíonadh oibleagáidí a chinntiú;
- iomaíocht a chur chun cinn;
- Cabhrú le forbairt an mhargaidh inmheánaigh;
- Suim na n-úsáideoirí sa Phobal Eorpach a chur chun cinn;
- bainistíocht éifeachtach agus úsáid an speictrim minicíochta raidió agus uimhreacha ón scéim náisiúnta uimhrithe a chinntiú;
- Forbairt na hearnála poist a chur chun cinn agus go háirithe an rochtain ar an tseirbhís phoist uilíoch laistigh den Stát agus amach ón Stát ar chostas inacmhainne chun leasa gach úsáideora, agus úsáideoirí faoi bhac san áireamh

Tá dualgas ar ComReg cloí leis na Treoracha Beartais eisithe chuige ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

Réitíodh an Tuarascáil Bhliantúil seo chun déileáil le gníomhaíochtaí ComReg i ndáil le gach ceann de na hearnálacha seo.

Ceadaíonn ComReg iomaíocht san earnáil chumarsáide trí éascaíocht a dhéanamh do dhul isteach sa mhargadh trí údarú ginearálta chun seirbhísí agus líonraí a sholáthar, trí rochtain ar líonraí a rialú ionas gur féidir rogha éifeachtach a fhorbairt do ghnónna agus do thomhaltóirí ar aon. In earnáil ina bhfuil éabhlóid thapa ar siúl inti i dtéarmaí teicneolaíochta agus tráchtála, cuireann ComReg creat ar fáil chun réimse seirbhísí nua a chur ar fáil.

Is é an fócas rialaithe don tseirbhís phoist sa mhargadh atá léirscaoilte go pointe ná deimhin a dhéanamh de go gcothaítear an Oibleagáid um Sheirbhís Uilíoch (USO) agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil praghsanna An Phoist dírithe i dtreo costais. Tá ComReg freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar fheabhsuithe i gcaighdeán seirbhíse trí spriocanna a leagadh síos chun an post a sheachadadh agus as monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán feidhmíochta seirbhíse i gcoinne spriocanna leagtha síos a thagann le caighdeáin Eorpacha.

Dírítear ár gcuid gníomhaíochtaí ar úsáideoirí gnó agus úsáideoirí cónaitheacha cumarsáide agus ar oibreoirí. Cumhdaíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo ár bpríomhghníomhaíochtaí ó Mhí Iúil 2004 go deireadh Mhí an Mheithimh 2005.

# Athbhreithniú an Chathaoirligh den Bhliain



Ba bhliain éactúil í 2005 don earnáil teileachumarsáide agus sainíodh an bhliain seo le cumaisc agus éadálacha suntasacha i measc cuideachtaí cumarsáide.

I ngeilleagar beag oscailte cosúil le geilleagar na hÉireann, is mór an bhaint a bhíonn ag tionscal teileachumarsáide iomaíoch lenár bhforbairt leanúnach agus le fás san eacnamaíocht. Braitheann gnónna agus cuideachtaí Éireannacha go mór ar rochtain ar sheirbhísí nua-aimseartha agus iomaíocha teileachumarsáide agus ar earraí atá ar chomhchéim leo siúd atá ar fáil in ionad iomaitheoirí eile nó atá níos fearr ná iad.

Glacann an earnáil chumarsáide ról atá ag síor-mhéadú inár saol laethúil chomh maith le bheith fíorthábhachtach don gheilleagar. Tá sé ag éirí níos éasca, cumarsáid a dhéanamh leis an teaghlach agus le cairde, earraí agus seirbhísí a cheannach ar an idirlíon, cúram sláinte a bhainistiú, teilea-obair a dhéanamh, éisteacht le ceol agus féachaint ar ghiotaí teilifíse nó físe toisc na líonraí fosaithe agus móibíleacha.

I rith tréimhse na Tuarascála seo, chuir ComReg tús le anailís mheántréimhseach ar an earnáil chumarsáide a tháinig chun cinn i gcomhairliúchán poiblí faoin ár straitéis rialaithe don tréimhse 2005 – 2007 agus roinnt chruinnithe déthaobhacha le baill na bpríomhpháirtithe leasmhara.

### Leathanbhanda

Tá ComReg ag leanúint air ag obair leis an Rialtas, tionscail agus ionadaithe na dtomhaltóirí chun an rochtain agus an úsáid a bhaintear as leathanbhanda a mhéadú. In ainneoin ráta fáis 170% ar leibhéil úsáide leathanbhanda, tá go leor fós le baint amach in Éirinn chun a bheith ar aon dul le tíortha eile an OECD. Dea-chomhartha amháin is ea an fhorbairt san earnáil leathanbhanda gan sreang, a d'fhás ceithre huaire níos tapúla ná an úsáid iomlán a baineadh as leathanbhanda sa bhliain 2005, agus ba é ComReg a d'éascaigh é sin tríd a scéim cheadúnaithe FWALA (Rochtain Fosaithe gan Sreang i Limistéar Áitiúil). Tá fás le feiceáil anois ar uimhreacha leathanbhanda san earnáil chábla a sholáthraíonn córas eile seachas an córas copair i mórán áiteanna.

### Móibíleach

Le cúpla bliain anuas tá méadú seasta ag teacht ar ráta dul i bhfód móibíleach na hÉireann agus tá 94% den daonra nó 3.9 milliún duine sroichte aige ag deireadh na tréimhse tuairiscithe seo. Faoi dheireadh Mhí an Mheithimh 2005, d'aistrigh tuairim is 330,000 custaiméir a n-uimhreacha óna bhfón póca. I rith na tréimhse seo faoi athbhreithniú, thosaigh 3 agus Vodafone ag cur seirbhísí 3G ar fáil. D'fhógair O2 go seolfadh sé a sheirbhís 3G faoi dheireadh na bliana 2005. D'fhógair Eircom go raibh sé ar intinn aige dul isteach arís sa mhargadh móibíleach trí Meteor a cheannach.

### Nuálaíocht

Tá an nuálaíocht ar cheann de phrionsabail treorach ComReg agus déanaimid gach iarracht é a chothú trí thimpeallacht rialaithe nach bhfuil ró-dhaingean agus atá solúbtha chomh maith. Thógamar roinnt bearta dírithe ar an speictream raidió a chur ar fáil go tapa agus go héasca chuig na himreoirí sa mhargadh. Is éard a bhí i gceist ná, scéim nua ceadúnaithe Tástáil agus Bain Triail as, a thugann solúbacht bhreise d'oibreoirí chun an speictream a úsáid do thástálacha teicniúla agus tráchtála, trí cheadúnas nua a eisiúint do Sheirbhísí Faisnéise Móibíleacha Leathanbhanda, anonn go tuilleadh solúbachta i gceadúnú Raidió Gnó.

### Gníomhaíochtaí don Am Amach Romhainn

Tá an earnáil chumarsáide leictreonaí an-diniminiciúil, le teicneolaíocht, margaí agus riachtanais na dtomhaltóirí ag síorathrú. Tá sé riachtanach go gcoinníonn an córas rialaithe chun dáta maidir leis na hathruithe seo. Sa bhliain 2005, sheol ComReg athbhreithniú straitéiseach 5-bliana ar an earnáil chumarsáide leictreonaí, agus ceardlanna poiblí san áireamh mar aon le cruinnithe déthaobhacha leis na príomhpháirtithe leasmhara, a tháinig chun críche i bhfoilsiú ár Ráiteas Straitéise don bhliain 2005 – 2007 do chumarsáid leictreonach agus do na hearnálacha poist agus speictrim raidió.

D'oibrigh ComReg go dlúth le Ofcom, a gcomhpháirtí ón RA, faoi réimse saincheisteanna tras-teorannacha. Orthu seo bhí, sruthaireacht trí thaisme, an rochtain ar chiorcaid shonraí, uimhriú, craolachán neamhdhleathach raidió, agus an phoitéinsiúil chun comhsholáthar a dhéanamh ar cheadúnais speictrim. Creideann ComReg, gur féidir leis na Rialtóirí réitigh a oibriú amach ar na saincheisteanna atá ann le fada an lá maidir le saincheisteanna teileachumarsáide tras-teorainn a tháinig aníos sa thuarascáil seo trí oibriú le chéile.

Creideann ComReg gurb iad comhchomhairliú agus plé na príomheilimint a bhaineann le dea-rialachán, agus tá meas againn ar an oiread sin cuideachtaí, eagraíochtaí, grúpaí sainspéise agus daoine aonair a bhí i gcomhchomhairle le ComReg.

I rith tréimhse na tuarascála seo, d'eisigh ComReg roinnt mhaith páipéir chomhchomhairle, agus is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine de na páirtithe leasmhara a roinn a dtuairimí linn i rith tréimhse na bliana. Ar deireadh thiar thall, ar son an Choimisiúin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt agus mo bhuíochas a ghlacadh le gach ceann de mo chomhghleacaithe i gComReg as an tiomantas agus díograis a léirigh siad i rith na bliana. B'iomaí dúshlán a bhí roimh ComReg i rith na tréimhse agus bhí an tasc níos éasca toisc iarrachtaí na foirne uile. Thug sé an-sásamh dom a bheith ag obair le foireann atá chomh gairmiúil agus chomh dílis is atá an fhoireann seo.

Isolde Goggin
Cathaoirleach

# Sraicfhéacaint ar an Earnáil Cumarsáide

Tá an margadh cumarsáide níos bríomhara le blianta beaga anuas, le fás ar an líon oibrithe údaraithe agus méadú ar an líon cumasc agus éadálacha in Éirinn agus thar lear.

Tá a thuilleadh iomaíochta sa mhargadh fosaithe toisc go bhfuil méadú ar líon na n-oibrithe fosaithe agus toisc go bhfuil teicneolaíochtaí nua cosúil le VoIp ag teacht ar an saol.

Lean an ráta dul i bhfód i gcás na bhfón póca ag méadú. Tá fás leanúnach ann ar theachtaireachtaí a sheoladh trí SMS i measc úsáideoirí óga na bhfón póca cé go raibh seirbhísí faisnéise cosúil le MMS beagán níos moille ag déanamh dul chun cinn i measc an líon níos leithne úsáideoirí. Ba cheart go spreagfaí an t-éileamh ar sheirbhísí agus ar fheidhmeanna móibíleacha níos casta toisc gur sheol Vodafone a sheirbhís 3G i Mí na Samhna 2004 agus toisc gur sheol an té is nua sa mhargadh 3 a sheirbhís 3G chomh maith.

Tá fianaise ann go bhfuil iomaíocht ardáin ag méadú sa leathanbhanda. Le bliain anuas tá laghdú ó 88% go 80% ar an líon daoine ag baint úsáide as DSL mar chomhréir ar líon iomlán na ndaoine a bhaineann úsáid as leathanbhanda de réir mar atá an úsáid a bhaintear as rochtain fosaithe gan sreang agus as cábla móideimeach ag leathnú amach. Fuarthas i suirbhé a rinne Amárach Consulting idir Mhí Aibreáin agus Mhí na Bealtaine 2005[1], go raibh méadú suntasach ar líon na síntiús leathanbhanda thar thréimhse dhá mhí déag agus go raibh líon úsáideoirí i bhfad níos mó ag smaoineamh ar úsáid a bhaint as seirbhís leathanbhanda idirlín, ná mar a bhí sa bhliain roimhe sin.

## Líon na nOibreoirí

Faoin bpróiseas údaraithe, cuireann oibrithe in Éirinn in iúl do ComReg go bhfuil sé beartaithe acu líonraí nó seirbhísí a sholáthar chuig tríú páirtithe. I rith na tréimhse dar tús Mí Iúil 2004 agus deireadh Mhí an Mheithimh 2005, chláraigh ComReg 99 fógraí dá leithéid.

## Scair den Mhargadh

Bunaithe ar shonraí tugtha ag na hoibrithe trí cheistneoir sa Tuairisc Ráithithe, b'ionann agus 20-21% iad Oibreoirí Údaraithe Eile (OAOnna) den mhargadh líne fosaithe i dtéarmaí ioncaim le cúpla bliain anuas. Lean an treocht seo ar aghaidh thar thréimhse na tuarascála.

## Fosaithe: CPS & WLR

Féadfar rochtain indíreach ar líonraí líne fosaithe a sholáthar trí iompróir réamhroghnaithe (CPS) má sholáthraítear na seirbhísí glao trí oibreoir ag úsáid líonra an oibreora reatha. Trí Chíos Líne Mórdhíola (WLR) is féidir le oibreoir bille amháin a chur ar fáil don tomhaltóir as a ghlaonna nó a glaonna fosaithe agus as a chíos nó as a cíos ar líne fosaithe. Tugadh WLR isteach i Mí an Mheithimh 2004, agus faoi dheireadh Mhí an Mheithimh 2005 b'ionann é agus 39% de na línte a soláthraíodh trí rochtain indíreach. Léiríonn an ardleibhéal suime seo ó thomhaltóirí go bhfuil ról thábhachtach le himirt ag bille amháin a sheoladh chun tuilleadh spreagadh a chur chun cinn san iomaíocht sa mhargadh.

De réir suirbhé cónaitheach a rinneadh idir Mhí Aibreáin agus Mhí na Bealtaine 2005[2], ba é an meán-chaiteachas gach dhá mhí ar theileafónaíocht líne fosaithe ná €104.

## Conair Rochtana Telecom

Shroich an líon iomlán conair rochtana 5.9 milliún faoi dheireadh Mhí an Mheithimh 2005. San áireamh sa figiúr seo tá conair PSTN, Móibíleach agus ISDN, is méadú é sin ar an 5.5 milliún a tuairiscíodh i tuarascáil roimhe seo[3]. Ba é an fón póca is mó faoi deara an líon is mó conairí rochtana ag 65%, méadú 9.5% ar an líon conaire sa bhliain roimhe sin, cé gur fhan línte rochtana PSTN sochar go leor ag timpeall 1.6 milliún. Mhéadaigh an líon conaire rochtana ISDN beagnach 4% ón tuarascáil dheireanach go 443,000.

## Móibíleach

Ag deireadh Mhí an Mheithimh 2005, bhí 3.8 milliún ag glacadh síntiús ar sheirbhísí cumarsáide móibíleacha in Éirinn, is ionann sin agus ráta dul i bhfód 94%, méadú ón ráta dul i bhfód 89% mar a tuairiscíodh sa bhliain roimhe sin.

Tá mór-éilimh fós ar théacs teachtaireachtaí a sheoladh mar chuid d'fheidhmíocht na seirbhísí móibíleacha agus seoladh isteach is amach ar 4 billiún téacs teachtaireachtaí i rith na bliana. Bunaithe ar an bhfaisnéis seo, is féidir a rá go seolann an gnáth-Éireannach le síntiús ar sheirbhís mhóibíleach suas le 91 téacs teachtaireachtaí in aghaidh na míosa.

Fig 1.1: Indirect Access: CPS and WLR
Carrier Pre-Selecte and
Wholesale Line Retal





Fig 1.2: Mobile Penetration Rate
Mobile Penetration
Q2 '01 Q2 '05






Fig 1.4: Broadband Penetration in the OECD - June 2005
OECD Broadband subscribers per 100 inhabitants,
by technology, June 2005



Measann an Grúpa Yankee gurbh ionann an Mheánioncam in Aghaidh an Úsáideora (APRU)ná idir €47 agus €48 don 12 mí go deireadh Mhí an Mheithimh 2005. Rinne ComReg suirbhéanna cónaitheacha i rith na bliana agus léiríonn na torthaí gurb ionann an meánchaiteachas míosúil ar sheirbhísí móibíleacha ó thomhaltóirí cónaitheacha ná €54[4].

## Idirlín

Fuair suirbhé cónaitheach go raibh rochtain éigin ag 37% de líon tí ar an idirlín. As na freagróirí le rochtain ar an idirlíne sa teach acu, bhí nasc leathanbhanda ag 23% daoibh, agus ba é DSL an t-seirbhís leathanbhanda ba mhó a bhí á éileamh. Fuarthas amach sa suirbhé go raibh sé ar intinn ag 30% de na daoine nach raibh nasc acu leis an idirlín nasc a fháil sa todhchaí. Bhí an líon is mó daoine i measc an aoisghrúpa 35 -44 (47%), grúpaí le ioncam ard (40%) agus iad sin a raibh ríomhaire pearsanta sa teach acu (63%).

## Leathanbhanda

Faoi dheireadh Mhí an Mheithimh 2005, bhí 175,000 síntiúsóirí idirlíne ag úsáid teicneolaíochtaí leathanbhanda, méadú 170% le bliain anuas. Ba Líne Dhigiteach Síntiúsóra (DSL) a bhí i gceist i mórchuid na síntiús agus 141,000 síntiúsóir ag nascadh tríd an teicneolaíocht seo ag deireadh na tréimhse. Bhí méadú ar an gcomhréir shíntiús leathanbhanda a sheachadadh thar ardáin seachas DSL i rith na tréimhse agus faoi dheireadh na tréimhse b'ionann síntiúis chábla agus 15,000, Rochtain Fosaithe gan Sreang (FWA) 18,000 agus satailíte 1,500. I Mí an Mheithimh 2004, bhí laghdú 88% ar shíntiúis DSL as na síntiúis leathanbhanda uile. San áireamh thíos, tá faisnéis chomparáideach ann a thugann tagarmharc ar dhul i bhfód leathanbhanda na hÉireann i gcoinne tíortha an OECD.

**Fig 1.3: Líon na síntiúsóirí Leathanbhanda agus rátaí fáis de réir Ardáin**

| Ardán | Q2 05 síntiúsóirí | Fás bliain ina dhiaidh bliana Q204-Q205 |
|---|---|---|
| DSL | 141,000 | 154% |
| Cábla | 15,000 | 177% |
| FWA | 18,000 | 313% |
| Satailít | 1,500 | - |
| Iomlán | 175,500 | 170% |

## Craoltóireacht

Faoi dheireadh Mhí an Mheithimh 2005 bhí 554,000 síntiúsóirí cábla/MMDS in Éirinn agus ba shíntiúsóirí analógacha iad 380,000 agus ba shíntiúsóirí digiteacha iad 174,000. Ar na iomlán bhí 900,000 síntiúsóirí ag íoc as seirbhís TF, 59% a bhí ina síntiúsóirí ar sheirbhísí teilifíse digiteacha. Tá gluaiseacht leanúnach ann ó TF analógach go digiteach, le líon tí digiteach ag seasamh do 40% de líon iomlán an líon tí le teilifís acu.

## Taraifí

D'fhan taraifí PSTN agus móibíleach réasúnta seasta sa tréimhse seo mar a tomhasadh iad de réir bhascaeid phraghais a cheadaigh an OECD.

I rith na bliana thit an bascaed náisiúnta gnó céim amháin, mar a tharla don bhascaed idirnáisiúnta cónaitheach. D'ardaigh an bascaed náisiúnta cónaitheach céim amháin, cé nár athraigh an bascaed idirnáisiúnta gnó ar chor ar bith.

Bhí a thuilleadh gluaiseachta sna bascaeid mhóibíleacha i rith na bliana. In ainneoin gluaiseachtaí i rith na bliana, faoi dheireadh mhí na Bealtaine 2005, bhí dhá bhascaed san áit céanna is a bhí siad sa tréimhse céanna anuraidh. D'fheabhsaigh an bascaed ardúsáideoir iar-íoctha faoi thrí phointe , cé gur fhan áit na hÉireann níos daoire ná meán chostas an AE. Thit bascaed an úsáideora réamh-íoctha áit amháin sna rangaí tagarmharcáilte.

Ar na iomlán, bhí praghsanna teileachumarsáide ag laghdú ó dhírialáil, léiríonn an cairt thíos na praghsanna teileachumarsáide i gcoibhneas le gach uile phraghas.

1 ComReg 05/65a
2 Déanta ag Amárach Consulting: ComReg 05/65a
3 Ní hionann conairí rochtana agus línte rochtana. Comhraítear líne PSTN agus síntiúsóir móibíleach mar chonaire rochtana amháin agus is féidir le líne ISDN tacaíocht a thabhairt do roinnt chonairí rochtana.
4 Déanta ag Amárach Consulting: ComReg 05/65a

Fig 1.5: PSTN Baskets Ireland's Position in the Various PSTN Baskets Relative to EU 19: Aug '02 - Aug '05





Fig 1.6: Mobile Baskets Ireland's Position in the Various Mobile Baskets Relative to EU 19: Aug '02 - Aug '05






Fig 1.7: Index of Telecoms Prices in Ireland Jan '97 - Jun '05



# Iomaíocht

Tá iomaíocht ríthábhachtach maidir le tionscal inmharthana a chinntiú, a bhfuil an cumas aige agus atá toilteanach infheistíocht a dhéanamh ar tháirgí nuálaíocha a fhorbairt agus difreáil táirgí a chur chun cinn. Ina theannta sin, tá iomaíocht riachtanach le cinntiú go bhfuil deis chothrom ag sealbhóirí agus iontrálaithe nua, a chinntíonn inúsáidtheacht raon táirgí agus seirbhísí do thomhaltóirí, a chuireann rogha, caighdeán agus praghsanna iomaíocha ar fáil.

Ceann de phríomhrólanna ComReg is ea deimhin a dhéanamh de go mbíonn rogha soláthaí ag an tomhaltóir do sheirbhís teileachumarsáide, cuma an teileafónaíochta mhóibíleach, theileafónaíocht fhosaithe nó seirbhísí leathanbhanda a bhíonn i gceist. Ó Mhí na Nollag 1998, tá buntáistí na hiomaíochta sa teileachumarsáid le feiceáil in Éirinn nuair a tugadh cead d'oibreoirí eile dul san iomaíocht leis an oibreoir teileachumarsáide a bhí ann Telecom Éireann. Idir 1997 agus 2005, nuair a mhéadaigh praghsanna earraí miondíola eile faoi 32 phointe innéacs, laghdaigh costais teileachumarsáide faoi 21 pointe innéacs.

Leanann ComReg ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta agus ag feabhsú na hiomaíochta thar tréimhse na tuarascála seo ar chúpla bhealach. Orthu seo, cinntítear go bhfuil rochtain ag oibreoirí eile ar na seirbhísí a theastaíonn ó Eircom, chomh maith le feasacht an tomhaltóra a ardú faoi na seirbhísí eile atá ar fáil. Nuair a bhíonn praghsanna ag ísliú agus nuair a bhíonn iomaitheoirí atá in iomaíocht lena chéile ag fáil níos mó custaiméirí tá sé riachtanach go fóill tacaíocht a thabhairt do na hoibreoirí sin atá in iomaíocht lena chéile le cinntiú go bhfaigheann siad rochtain ar bhonn cothrom ar na codanna sin de na líonaí teileachumarsáide nach fiú dúbláil a dhéanamh orthu i rith an ama seo.



## Guth Fosaithe

Bhí an iomaíocht ba mhó thar thréimhse na bliana san earnáil ina soláthraítear seirbhísí guthaithe chuig custaiméirí ná ag oibreoirí a úsáideann earraí mórdhíola a éilíonn ComReg ar Eircom a chur ar fáil dóibh. Ceadaíonn na hearraí seo ar a dtugtar, Rogha Iompróra agus Réamhrogha an Iompróra, do chustaiméirí seirbhísí oibreoirí eile a úsáid, agus íocann na hoibreoirí Eircom as aon seirbhísí a theastaíonn uathu chun tacaíocht a thabhairt do ghlaonna na gcustaiméirí. Don chéad uair i rith na tréimhse faoi athbhreithniú, bhí roinnt mhaith oibreoirí ábalta líne ar cíos agus glaonna gutháin a sholáthair do chustaiméirí. Baintear é seo amach trí earra mórdhíola ar a dtugtar Cíos Líne Mórdhíola - Aon Bhille Amháin (WLR – SB) a d'éiligh ComReg ar Eircom a fhorbairt. Tá sé de bhuntáiste ag an gcóras seo go bhfaigheann an custaiméir bille amháin, seachas ceann ó oibreoir as glaonna agus ceann eile ó Eircom as cíos ar an líne. Bhí ráth ar an scéim seo don chéad bhliain ina reáchtáladh WLR - SB le suas le 150,000 custaiméir ag baint leas as an tseirbhís.

Mar a bhíothas ag súil leis, feictear anois go bhfuil na hoibreoirí ag cur glaonna, cíos ar an líne agus seirbhísí leathanbhanda ar fáil le chéile do chustaiméirí agus go bhfuil sé d'acmhainn acu lacáistí a ofráil as na seirbhísí in éineacht. Is cuid mhór de chlár oibre ComReg é an earra WLR – SB a fheabhsú agus a fhorbairt agus meastar gurb é seo a earra is cuimsithí in áit ar bith san Eoraip.

Maidir le idirnascadh idir líonraí teileachumarsáidí fosaithe, chríochnaigh ComReg a athbhreithniú ar Thairiscint Thagartha Idirnasctha Eircom (RIO) i Mí Lúnasa 2004. Bhí sé de thoradh ar an athbhreithniú seo go ndearna Eircom roinnt athruithe ar fhoirm agus ar chlár ábhair an RIO. Leanadh ar aghaidh le obair maidir le praghsanna mórdhíola as guth a iompair agus as seirbhísí gaolmhara.

Leis an méadú ar iomaíocht i dteileafónaíochta fosaithe, i dteileafónaíocht mhóibíleach agus i seirbhísí leathanbhanda ba léir do ComReg go raibh sé deacair do thomhaltóirí teacht ar phacáistí is fearr a d'oirfeadh dóibh, i dtéarmaí praghais agus ábhair. D'fhógair ComReg sa tréimhse seo go bhforbróidís agus go bhfeidhmeoidís láithreán gréasáin neamhspleách a thabharfadh léargas do chustaiméirí faoi na pácáistí is fearr a cheadóidh dóibh a gcostais a laghdú. Rinneadh méid shuntasach oibre ar an láithreán gréasáin www.callcosts.ie a fhorbairt thar an tréimhse.



# Iomaíocht

AR LEAN

### Leathanbhanda

Príomhearnáil eile do ComReg thar an tréimhse ba ea seirbhísí mórdhíola a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt don leathanbhanda.

Cuirtear seirbhísí leathanbhanda ar fáil in Éirinn thar roinnt ardán. Faoi láthair is é an saghas is mó ráchairte é a fháil thar na línte teileafóin ag úsáid teicneolaíocht Líne Dhigiteach Síntiúsóra(DSL). Modhanna seachadta eile is ea teicneolaíocht gan sreang, infrastruchtúr líne chábla a úsáidtear chun teilifís agus satailít a scaipeadh. I ndáil le DSL tá oibleagáid ar Eircom faoi láthair leagan mórdhíola dá thairiscint leathanbhanda féin ar a dtugtar Bitstream a sholáthar.

D'fhás an críochaontú ar leathanbhanda faoi luas le isteach is amach ar 175,000 úsáideoirí faoi dheireadh na tréimhse. Thit praghsanna leathanbhanda go leanúnach le roinnt feachtais cur chun cinn ag gach oibreoir deartha chun éileamh a spreagadh. I ndáil le hearra mórdhíola leathanbhanda Eircom, bhain príomhiarrachtaí ComReg le deimhin a dhéanamh de go raibh na praghsanna mórdhíola oiriúnach do thráchtáil ionas go bhféadfadh oibreoirí eile seirbhísí miondíola in iomaíocht lena chéile a chur ar fáil.

Faoi dheireadh Mhí an Mheithimh 2005, mhéadaigh dul i bhfód an leathanbhanda ó 1.57% den daonra go 4.4%. D'fhan sciar mhargaidh Oibreoirí Údaraithe Eile (OAO) sa mhargadh DSL timpeall ar 25% cé gur fhorbairt dhearfach a bhí ann nuair a thosaigh iomaíocht ón earnáil gan sreang. Faoi Mhí an Mheithimh 2005, b'ionann na hoibreoirí gan sreang agus 10% den mhargadh leathanbhanda – ard go leor i gcomparáid le caighdeáin idirnáisiúnta. Ar an iomlán ba thréimhse shuntasach é i dtéarmaí praghais, rochtain agus críochaontú Leathanbhanda.

I mí Feabhra 2005 bhí athbhreithniú ar an margadh um Rochtain Mhórdhíola ar Leathanbhanda críochnaithe ag ComReg agus fuarthas go raibh Eircom ceannasach. Ar na réitigh curtha i bhfeidhm bhí oibleagáidí ann leagan mórdhíola den earra miondíola a chur ar fáil mar aon le oibleagáidí eile. Chuir ComReg oibleagáid idirthréimhseach i bhfeidhm ionas go ngearrfaí praghas ar lacáiste áirithe ar earra mórdhíola, ag brath ar chinneadh faoi conas a gearrfar praghas ar Bitstream. Thug Eircom dúshlán don chinneadh seo. Rinne ComReg tuilleadh comhchomhairle faoin saincheist seo agus tar éis na tréimhse faoi athbhreithniú d'eisigh sé a chinneadh deireanach go luath sa bhliain 2006.

Lean an earra Bitstream ar aghaidh i rith na tréimhse mar an príomhbhealach chun cead a thabhairt do OAOnna dul san iomaíocht sa mhargadh Leathanbhanda agus ba ionann é agus 22% d'iomlán na línte DSL amhain an 30 Meitheamh 2005.

Is príomhearra é Díchuachadh an Lúb Logánta (LLU) a thugann an deis d'oibreoirí seirbhísí feabhsaithe leathanbhanda a chur ar fáil chuig custaiméirí. Is é seo nuair a chuireann Eircom an nasc copair idir áitribh na gcustaiméirí ar cíos agus na malartáin ina lonnaíonn na hoibreoirí a dtrealamh chuig OAOnna chun seirbhísí leathanbhanda a sholáthar.

Go déanach sa bhliain 2004, d'eisigh ComReg cinneadh go gcoinneofaí praghas lúb logánta díchuachta, a bhí socraithe ag  14.65 in aghaidh na míosa, seasta i dtéarmaí réadúla ar feadh tréimhse trí bliana. Réitigh sé seo saincheist a bhí ina cnámh spairne sna blianta roimhe seo agus cabhraigh sé chun timpeallacht a chruthú ina bhféadfadh oibreoiri a bpleananna gnó a chur le chéile le cinnteacht éigin. Rinne ComReg comhchomhairle níos déanaí faoi an bhféadfaí an praghas ar rochtain roinnte ar lúbanna logánta roinnte a laghdú - sa chás gur thóg an OAO na minicíochtaí leathanbhanda den lúb. Ní raibh tuairim fhoirmiúil ag ComReg faoi seo ag deireadh na tréimhse.

Sa tréimhse i gceist conacthas méadú ar an tsuim i ndíchuachtú an lúb logánta ó roinnt oibreoirí agus roinnt tairiscintí nua miondíola, cuid acu le moltaí faoi “Seinnim Triarach” (Teilifís, Leathanbhanda agus Guth) curtha chun cinn bunaithe ar an rochtain ar sheirbhísí cuí mórdhíola ó Eircom. Bhí an dul chun cinn mall áfach, san iarracht ar LLU éifeachtúil a bhaint amach agus marcáladh an bhliain le díospóidí dlí idir ComReg agus Eircom. Toisc na deacrachtaí seo líon bheag lúbanna a díchuachtaíodh . Tá LLU riachtanach chun iomaíocht a mhéadú toisc go gceadaíonn sé do na OAOnna earraí agus seirbhísí sainiúla a chruthú do chustaiméirí. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach in Éirinn toisc an laigeacht stairiúil a bhí ar ardáin in iomaíocht lena chéile. Creideann ComReg gur riachtanas lárnach é LLU chun feabhas a chur ar iomaíocht agus ar nuálaíocht sa mhargadh agus is fócas leanúnach a chuid iarrachtaí san earnáil seo. Lorg ComReg athruithe ar na rialacháin chun a chuid chumhachtaí a fheabhsú chun na hearraí cuí mórdhíola a oscailt.

Toradh amháin a bhí ar cheadúnais speictrim um Rochtain Fosaithe gan Sreang i Limistéar Áitiúil (FWALA) a seoladh i Mí na Samhna 2003 ab ea go ndearnadh rogha réadúil leathanbhanda thar leathanbhanda fosaithe i mórán áiteanna i rith na tréimhse. Lean an treocht seo ar aghaidh i rith na tréimhse. Rud eile a d’fhéadfadh a bheith suntasach sa mhargadh leathanbhanda ba ea an fógra go bhfuair Liberty Global Inc., seilbh ar NTL. Bhí Chorus agus oibreoir eile cábla/MMDS i seilbh na cuideachta seo cheana féin. Ní raibh an éadáil seo ceadaithe ag an Údarás Iomaíochta faoi dheireadh na tréimhse ach ceadaíodh é i Mí na Samhna 2005.

### Móibíleach

I Mí Feabhra 2005 rinne ComReg cinneadh nach raibh an margadh do rochtain agus Bunús Glaonna iomaíoch agus go raibh Vodafone agus O2 le chéile ceannasach. D’aontaigh an tÚdarás Iomaíoch faoin gcinneadh seo agus cheadaigh Coimisiún na hEorpa é. Mar réiteach air seo, mhol ComReg go mbeadh sé de dhualgas ar Vodafone agus O2 a líonraí a oscailt chuig Oibreoirí Líonra Móibíleacha Fíorúla (MVNOnna). Ba é an chéad rogha ag ComReg ná go socrófaí a leithéid de théarmaí agus coinníollacha a bhainfeadh le rochtain a shocrú trí idirbheartaíochtaí tráchtála ar dtús agus nach mbeadh baint aige leis ach sa chás go dteipfeadh ar a leithéid d’Idirbheartaíochtaí. Lorg na hoibreoirí móibíleacha achomharc tríd an bpainéal Achomhairc um Chumarsáid Leictreonach. Bhí an t-achomharc fós le fáil ag deireadh na tréimhse athbhreithnithe.

### Tuairisciú Airgeadais

I rith na tréimhse chuir ComReg roinnt moltaí mionsonraithe chun cinn i ndáil le Tuairisciú Reachtúil Airgeadais sna hearnálacha fosaithe, móibíleacha agus craolacháin. Ag deireadh na tréimhse bhí obair fós ar siúl sna hearnálacha sin.

# Nuálaíocht

## Athbhreithnithe Margaidh

Faoin gcreat reachtúil nua Eorpach, tá sé de dhualgas ar gach Údarás Náisiúnta Rialaithe (NRA) staid na hiomaíochta a mheas in 18 margadh, de réir an nós imeachta athbhreithnithe mar atá imlínithe i dTreoir Creat an AE. Nascann an Treoir Chreata an choincheap um Chumhacht Suntasach Margaidh (SMP) le coincheap na ceannasaíochta faoi rialacha iomaíochta an AE.

Tá 18 ábhar margaidh sainithe ag Coimisiún an AE d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh orthu is iad sin:

## An Leibhéal Mórdhíola

- Bunús Glaonna ar an líonra teileafóin phoiblí arna sholáthar ag suíomh fosaithe.
- Glaonna a chríochnú ar an líonra teileafóin phoiblí arna sholáthar ag suíomh fosaithe.
- Seirbhísí Iompair sa líonra fosaithe teileafóin phoiblí.
- Rochtain mórdhíola díchuachtaithe(rochtain roinnte san áireamh) ar lúbanna miotail agus ar fho-lúbanna chun críche seirbhísí leathanbhanda agus guthaithe a sholáthar.
- Rochtain Mórdhíola ar Leathanbhanda.
- Codanna Mórdhíola Foirceanta na línte ar léas.
- Codanna Mórdhíola truinc na línte ar léas.
- Rochtain agus bunús glaonna ar líonraí móibíleacha poiblí, dá dtagraítear dóibh (leo féin) in Iarscríbhinn 1(2) den Treoir Chreata i ndáil le Treoir 97/33/CE/ agus 98/10/CE.



## An Leibhéal Miondíola

- Rochtain ar an líonra teileafóin phoiblí ag suíomh fosaithe do chustaiméirí cónaitheacha.
- Rochtain ar an líonra teileafóin phoiblí ag suíomh fosaithe do chustaiméirí neamhchónaitheacha.
- Seirbhísí poiblí teileafóin ar fáil go logánta nó go náisiúnta ag suíomh fosaithe do chustaiméirí cónaitheacha.
- Seirbhísí poiblí idirnáisiúnta teileafóin ar fáil go logánta nó go náisiúnta ag suíomh fosaithe do chustaiméirí cónaitheacha.
- Seirbhísí poiblí teileafóin ar fáil go logánta agus / nó go náisiúnta ag suíomh fosaithe do chustaiméirí neamhchónaitheacha.
- Seirbhísí phoiblí idirnáisiúnta teileafóin ar fáil go logánta nó go náisiúnta ag suíomh fosaithe do chustaiméirí neamhchónaitheacha.

Tá dualgas ar ComReg faoi gcreat nua reachtúil athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar na margaí a shainíonn sé san earnáil Éireannach leictreonach. Tógann ComReg san áireamh go dílis an liosta margaí thuas agus sa chuid is mó de na cásanna leanann sé go dlúth sainmhíniú an mhargaidh a sholáthair Coimisiún an AE.

Féachann na hathbhreithnithe ar aghaidh agus glacann siad dearcadh ionchasach ar an leibhéal iomaíochta sna margaí sainithe. Measann siad cibé an bhfuil nó nach bhfuil cumhacht mhargaidh ag oibreoir agus dá bhrí sin leo féin nó le chéile an bhfuil Cumhacht Shuntasach Margaidh (SMP) acu sa mhargadh sainithe. Liostálann an Creat Nua Reachtúil roinnt oibleagáidí ar féidir le rialtóirí, má cheapann siad gur cuí agus gur cóir de réir a n-athbhreithniú ar an



# Nuálaíocht

AR LEAN

Déanann ComReg comhchomhairliú go náisiúnta faoi na torthaí a fuair sé agus lorgaíonn sé tuairimí an Údaráis íomaíochta sula n-eisíonn sé a thuairim dheireanach faoi SMP. Faoin gcreat nua cinntíonn ComReg go bhfuil a athbhreithnithe SMP margaidh ar fáil do Choimisiún an AE agus chuig rialtóirí eile teileachumarsáide ionas gur féidir leo a dtuairimí a nochtadh agus tá an chumhacht ag Coimisiún an AE diúltú do na conclúidí ó aon athbhreithniú margaidh agus an ceart crosta ag Coimisiún an AE maidir leis na conclúidí ó athbhreithniú margaidh.

D'eisigh ComReg roinnt chomhchomhairle náisiúnta i rith na bliana a bhain leis na margaí seo a leanas:

- Mórdhíola Tarchuir Chraolacháin
- Rochtain Mhórdhíola Díchuachta
- Mórdhíol glaonna móibíleacha a chríochnú ar líonraí aonair
- Rochtain Mhórdhíola ar Leathanbhanda
- Rochtain Mhóibíleach Mórdhíola agus Bunús Glaonna
- Margadh Idirnáisiúnta Mórdhíola do Shruthaireacht Idirnáisiúnta
- Codanna Mórdhíola Foirceanta do Línte ar Léas
- Codanna Mórdhíola Truinc do Línte ar Léas
- Margadh Miondíola do thacar íosta línte ar léas
- Margadh Miondíola do línte ar léas os cionn 2mbs
- Margadh Miondíola do Línte Idirnáisiúnta ar Léas

Chuir ComReg roinnt de na margaí seo in iúl do Choimisiún an AE agus chuig NRAnna eile. I ngach cás a cuireadh in iúl do Choimisiún an AE, níor ardaigh an Coimisiún aon amhras faoi chonclúidí ComReg. Ba iad na margaí a cuireadh in iúl faoin gCreat Nua Rialúcháin chuig Coimisiún an AE na:

| Margaí Sainithe: | Oibreoir Ainmnithe SMP |
|---|---|
| An margadh Mórdhíola Líonraí RTÉ do sheirbhísí tarchuir craolacháin raidió ar líonraí náisiúnta analógach trastíre | RTE Networks |
| An margadh Mórdhíola Líonraí RTÉ do sheirbhísí tarchuir craolacháin raidió ar líonraí náisiúnta analógach trastíre | RTE Networks |
| Rochtain mhórdhíola díchuachta Eircom (rochtain roinnte san áireamh) ar l úbanna míoltail agus fo-lúbanna chun críocha seirbhísí leathanbh anda agus seirbhísí guthaithe a sholáthair | Eircom |
| Mórdhíol Móibíleach críochnú glao gutha | Vodafone, O2, Meteor ar líonraí aonair agus Hutchison '3' |

### Eolas Margaidh

Bailíonn agus déanann Aonad Treochtaí ComReg anailís ar eolas staitistiúil faoi mhargadh cumarsáide leictreonach na hÉireann mar aon le sonraí tagarmhairc.

Cuireann an tAonad Treochtaí an lucht leasmhar ar an eolas faoi fhorbairt na hiomaíochta i margadh cumarsáide na hÉireann trí thaighde ina Thuarascáil Ráithe um Príomhshonraí. Tá an tuarascáil bunaithe ar cheistneoirí a chomhlíon oibreoirí ceadúnaithe nó údaraithe, mar aon le taighde tánaisteach staitistiúil agus anailíseach. I Mí Márta 2005, rinne ComReg chomhchomhairle poiblí faoin dTuarascáil Ráithithe um Príomhshonraí, ag lorg tuairimí na luchta leasmhara faoi ábhar agus leagan amach na tuarascála. Fuarthas roinnt freagraí agus de thoradh orthu sin rinneadh roinnt feabhsaithe ar an Tuarascáil i Mí an Mheithimh 2005.

### Ag ullmhú na Straitéise Bainistíochta Speictrim Raidió do 2005 - 2007

Tá ComReg freagrach as bainistíocht éifeachtúil agus úsáid an speictrim raidió, ceann de phríomhacmhainní nádúrtha na hÉireann. I Mí na Bealtaine 2002, d'fhoilsigh an ODTR, an eagraíocht a bhí ann roimh ComReg a chéad cháipéis um Straitéis Speictrim Raidióagus i rith tréimhse an athbhreithnithe rinne sé chomhchomhairliú, an chéad chéim i dtreo na straitéise seo a thabhairt chun dáta. D'fhéach an chomhchomhairle ar na príomh thiománaithe a théann i bhfeidhm ar éileamh ar an speictrim, ar an tionchar eacnamiúil a bhain le úsáid an speictrim agus rinne sé athbhreithniú ar na seirbhísí cumarsáide raidió uile.

Mar chuid d'fhorbairt na straitéise, choimisiúnaigh ComReg taighde ar an méid a dhéanann úsáid an speictrim raidió do gheilleagar na hÉireann. Measadh sa taighde seo gurb ionann an ionchur don bhliain 2003 agus beagnach  2 billiún, is ionann sin agus 1.4% den OTI iomlán. Measadh go raibh sa bhreis ar 24,000 fostaithe i gceist a raibh a gcuid post ag brath ar úsáid an speictrim raidió.

Dhírigh moltaí straitéis speictrim leathain ComReg ar cheithre sprioc, agus b' iad sin:

(i) Rochtain ar an speictrim raidió a éascú, go mór mór do theicneolaíochtaí agus do sheirbhísí nuálaíocha;
(ii) Na leasanna geilleagrach agus sóisialta as úsáid an speictrim raidió a uasmhéadú;
(iii) Úsáid éifeachtach a chothú ar na hacmhainní gann sa speictream raidió;
(iv) Comhlíonadh ceanglais náisiúnta agus idirnáisiúnta a chinntiú agus cur isteach dainséarach a sheachaint.

Leagadh síos roinnt spriocanna sonracha do gach ceann de na cuspóirí seo agus aithníodh gníomhaíochtaí sonracha do na catagóirí éagsúla úsáide a bhaintear as an speictrim. Ag eascairt as an gcomhchomhairle, d'fhoilsigh an Coimisiún freagra leis an gcomhchomhairle agus déileálfar leis an bhfoilseachán um straitéis speictrim sa chéad tréimhse tuairiscithe eile.

### Clár don Am Amach Romhainn

Déanann an clár a fhéachann ar an todhchaí monatóireacht ar na nuálaíochtaí teicneolaíochta agus margaidh a tharlaíonn san earnáil teileachumarsáide agus conas mar a théann siad i bhfeidhm ar fhorbairt an mhargaidh in Éirinn. Déanann an Clár sin scrúdú ar na saincheisteanna poitéinsiúla a bhíonn ag teacht chun cinn sa chaoi is gur féidir linn measúnú agus pleanáil a dhéanamh faoin gcaoi ar chóir dár mbearta rialála forbairt agus fás sa todhchaí ag féachaint ar chuidiú le hearnáil teileachumarsáide na hÉireann forbairt a dhéanamh agus nuálaíocht a éascú. Mar shampla, aibhsíodh forbairtí atá ar siúl san earnáil um Chórais chun Minicíocht Raidió a Aithint (RFID) i mbliana trí fhoilseachán Nóta.

### Painéal Stiúrtha an Chláir um Fhéachaint Chun Cinn

Tionólann ComReg painéal de chomhairleoirí sinsearacha dlí chun cabhrú leis an gclár seo a fhéachann chun cinn agus chun é a treorú chomh maith. Tagann an painéal le chéile i dtimpeallacht ceardlainne trí huaire sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar an obair a rinneadh faoin gClár, chun topaicí nua a mholadh chun aghaidh a thabhairt orthu, agus chun aird a tharraingt ar shaincheisteanna nua poitéinsiúla. Is í Isolde Goggin, Coimisinéir ComReg, a bhíonn ina Cathaoirleach ar na ceardlanna sin. Tionóladh dhá chruinniú i rith na bliana. Tionóladh an chead cheann i Mí Dheireadh Fómhair in Institiúid Theicneolaíochta Luimnigh, agus reáchtáladh an dara ceann i Mí na Bealtaine 2005 i mBaile Átha Cliath.

### An t-Athbhreithniú Straitéiseach um Fhéachaint Chun Cinn ar Earnáil Teileachumarsáide na hÉireann

D'eisigh ComReg mar chuid den Ráiteas Straitéise 2005 – 2007, chomhchomhairle i Mí Márta 2005 dar teideal 'An t-Athbhreithniú Straitéiseach um Fhéachaint Chun Cinn ar Earnáil Teileachumarsáide na hÉireann' Breathnaíonn an t-athbhreithniú ollmhór seo faoi gclár a fhéachann chun cinn ar threochtaí agus forbairtí sa mhargadh san earnáil teileachumarsáide in Éirinn sa tréimhse anonn go 2010. Breathnaíonn an t-athbhreithniú ar threochtaí sna líonraí don chéad ghlúin eile, prótacal idirlín ghuthaithe, agus tacar coinbhéirseachta móibíleach fosaithe i gcomhthéacs na timpeallachta rialaithe reatha. D'úsáideadh anailís chnámhscéalach chun an tionchar poitéinsiúil a d'fhéadfadh a bheith ag treochtaí ag teacht aníos a léiriú, agus san áireamh chomh maith bhí staidéar cúlra ar fhorbairt na hearnála teileachumarsáide in Éirinn le 10 mbliana anuas. Tugadh cuireadh do pháirtithe le suim ann a dtuairimí a nochtadh maidir le treochtaí ag teacht aníos san earnáil chomh maith lena dtuairimí a nochtadh faoin ról a bheadh ag Rialáil sa todhchaí.

# Tomhaltóirí

Faoin Acht um Rialachán Cumarsáide 2002, ta ról reachtúil ag ComReg chun na tomhaltóirí a chosaint. Déanann ComReg agus é ag cur na freagrachta seo i bhfeidhm, cinnte de go bhfaigheann tomhaltóirí luach a gcuid airgid i dtéarmaí praghais, rogha agus caighdeáin. Baineann ComReg na cuspóirí seo amach i roinnt slite:

- Eolas ábharthach a sholáthar chuig tomhaltóirí le cinntiú gur féidir leo an leas is fearr a bhaint as margadh atá ag forbairt.
- Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh Eircom lena oibleagáid um sheirbhís uilíoch.
- Srian a chur le praghas miondíola Eircom mar oibreoir le Cumhacht Shuntasach Margaidh.
- Déileáil le gearáin ón bpobail nuair nach sásaíonn an cód cleachtais chun déileáil le gearán a fheidhmíonn oibreoir an gearán sin.
- Monatóireacht a dhéanamh ar úsáideoirí an speictrim mhinicíochta raidió le cinntiú go gcoinnítear leibhéil radaíochta neamh- ianaitheora laistigh de leibhéil inghlactha sábháilteachta idirnáisiúnta.
- Ceadúnú úsáideoirí deiridh go díreach chun gaireas raidió a úsáid: ar na n-úsáidí seo tá gnónna cosúil le cuideachtaí tacsaí, longa agus aerárthaigh agus daoine aonair. Eisíodh os cionn 10,500 de na ceadúnais seo faoi dheireadh na tréimhse clúdaithe sa tuarascáil seo.

### Painéal Comhairleach Tomhaltóirí

I Mí Márta 2005, d'fhógair ComReg bunú Painéil Chomhairleach Tomhaltóirí chun cuidiú le feabhsú agus forbairt a thuiscint ar shaincheisteanna na dtomhaltóirí i ndáil leis an earnáil chumarsáide.

Is iad seo a leanas téarmaí tagartha an Phainéil:

- Comhairle neamhspleách a sholáthar chuig ComReg ar réimse leathan saincheisteanna tomhaltóra a thagann aníos sa tionscal cumarsáide.
- Chun measúnaithe a sholáthar faoi conas atá gníomhaíochtaí ComReg ag dul i bhfeidhm ar thomhaltóirí.
- Chun ComReg a choimeád ar an eolas faoi riachtanais grúpaí éagsúla cosúil le fiontair chónaitheacha, bheaga nó measartha, gnónna móra agus daoine faoi mhíchumas.
- Chun moltaí a dhéanamh chuig ComReg faoi shaincheisteanna reatha na dtomhaltóirí.
- Chun comhairle a thabhairt do ComReg faoi leasanna na dtomhaltóirí sa mhargadh a rialaíonn sé.



San áireamh sa phainéal tá seisear ball seachtach a sheasann do réimse leathan leasanna tomhaltóra, gnó agus réigiúnacha:
Ciarán Close, Intel Ireland Ltd;
Gerry Finn, Údarás Teorann Lar tíre agus Údarás Réigiúnach an Iarthair
Dermott Jewell, Gníomhaireacht Náisiúnta um Thomhaltóirí na hÉireann;
Angela Kerins, Údarás Náisiúnta Míchumais;
Sean Murphy, Chambers Ireland;
Ursula O'Sullivan, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Limistéir an Deiscirt

## Askcomreg.ie


I Mí Dheireadh Fómhair 2004 seoladh suíomh idirlín dírithe ar thomhaltóirí www.askcomreg.ie - a sholáthraíonn eolas atá éasca le húsáid agus inrochtana ar gach earnáil arna rialú ag ComReg. San áireamh ann tá eolas faoi theileafóin phóca, teileafóin fosaithe an idirlín agus an earnáil poist. Dearadh an láithreán chun eolas a chur ar fáil do thomhaltóirí ionas gur féidir leo roghanna stuama a dhéanamh.

Ó seoladh é go deireadh na tréimhse don tuarascáil seo bhí 72,097 cuairteoirí chuig an láithreán, le 259 cuairt ar an meán i rith an lae. Maireann an meánchuairt 11 nóiméad rud a léiríonn go bhfuil cuairteoirí chuig an láithreán ag féachaint agus ag brabhsáil an ábhair curtha ar fáil. Is é an leathanach is mó tóir air seachas an leathanach baile/ iontrála agus an leathanach fúinne, ná an chuid a bhaineann leis an bhfón sa bhaile agus tagann sé seo leis an bhfíric gur bhain an chuid is mó de na teagmhálacha ó thomhaltóirí chuig ComReg i rith an tréimhse le tomhaltóirí cónaitheacha le saincheisteanna faoina bhfón sa bhaile.

## An Marc W

Rinne an EIQA (Cumann Caighdeáin Feabhas Éireann, an comhlacht náisiúnta um chaighdeán agus feabhas agus cláir um fheabhas leanúnach) agus bronnadh an Marc W Leibhéal 2 air.

Tá ComReg tiomanta do deimhin a dhéanamh de go gcoinnítear tomhaltóir go hiomlán ar an eolas faoi réimse roghanna cumarsáide ar fáil agus tá ról lárnach ar askcomreg.ie chun é seo a bhaint amach. Tugann an dámhachtain seo an gealltanas gur áis d'Ard-Chaighdeán é www.askcomreg.ie atá dírithe ar eolas a sholáthar don tomhaltóir.



# Tomhaltóirí

AE LEAN

## Gníomhaíochtaí um Chosaint an Tomhaltóra

### Cur i láthair taraifí

Tá sé fíor-thábhachtach go mbíonn rochtain ag tomhaltóirí ar eolas faoi phraghas atá cruinn, cuimsitheach agus inrochtana mar ceadóidh sé seo do thomhaltóirí a mbillí teileafóin a thuiscint agus comparáidí a dhéanamh idir na tairiscintí éagsúla. Rinne ComReg comhchomhairliú ar dtús ar dhréacht Chód de Chur i Láthair Taraifí i Mí Eanáir 2004. Ag eascairt as an gcomhchomhairliú seo chuir ComReg feabhas ar an gCód i dtacar trí phrionsabail, agus é d'aidhm acu deimhin a dhéanamh de go mbíonn rochtain ag tomhaltóirí ar eolas cruinn, cuimsitheach faoi thairifí nuair a úsáideann siad gléasanna cumarsáide. Eisíodh chomhchomhairle eile i Mí an Mheithimh 2004 agus foilsíodh an cinneadh mar Fhógra an Chinnte D11/)4 an 12 Lúnasa 2004, faoin gcinneadh, is gá do sholáthraithe seirbhíse meas a bheith acu ar na prionsabail sa chód nuair atá eolas faoi thairifí á chur i láthair le cinntiú

- go bhfuil an t-eolas faoi thairifí cruinn
- go bhfuil an t-eolas faoi thairifí cuimsitheach
- go bhfuil fáil éasca ar an eolas faoi thairifí

Dearadh na prionsabail go mbeidh na tairifí cruinn, cuimsitheach agus ar fáil go héasca chun a chinntiú go gcuireann soláthraithe seirbhísí eolas trédhearcach agus chun dáta faoi na tairifí caighdeánacha a chlúdaíonn, rochtain, gach muirear úsáide, muirir chothabhála agus sonraí faoi na lacáistí caighdeánacha i bhfeidhm agus scéimeanna speisialta agus dírithe i láthair.

### Fuadach Móideim/Camscéim Diailchaoi Idirlíne

Is é an tsaincheist do thomhaltóirí ná an méid chláir diailálchaoi atá ann a athraíonn na socruithe dialála go buan, i ngan fhios don tomhaltóir agus gan cead uaidh nó uaithi. Bíonn sé de thoradh air sin go mbíonn an t-úsáideoir nasctha leis an idirlín ar rátaí na nglaonna idirnáisiúnta seachas an gnáthráta. Is minic nach mbíonn a fhios ag an síntiúsóirí faoi seo go dtí go bhfaigheann siad a mbille teileafóin le rátaí arda ar ghlaonna chuig uimhreacha idirnáisiúnta.

De thoradh ar fhadhb na gcamscéimeanna diailchaoi idirlíne, agus ag eascairt as foilsiú treoirleabhar do thomhaltóirí agus cainteanna le soláthraithe seirbhísí teileafóin agus soláthraithe seirbhísí idirlíne dírithe ar ghníomhaíocht dheonach chun na fadhbanna roimh na húsáideoirí a stopadh, mhol ComReg Comhchomhairle poiblí, agus bearta riachtanacha chun dul i ngleic leis an tsaincheist seo. Ag eascairt as an gcomhchomhairle poiblí eisíodh Fógra an Chinnte D13/04 a chuir oibleagáidí i bhfeidhm ar Sholáthraithe Seirbhísí Idirlíne agus ar Soláthraithe seirbhísí teileafóin atá ar fáil go poiblí. Bhí sé d'aidhm ag na bearta a bhí am teoranta toisc a nádúr eisceachtúil, feasacht a ardú faoin saincheist agus na tomhaltóirí a chosaint ó chamscéimeanna dialálaí idirlíne.

Ag eascairt as tabhairt isteach na bearta agus cainteanna le soláthraithe seirbhísí teileafóin agus lucht leasmhar idirnáisiúnta thángthas ar réiteach láidir chun na tomhaltóirí a chosaint. Dá réir aistarraingíodh na bearta le feidhm ón 30 de Mhí na Samhna 2004.

### Glaonna Margaíochta nár Iarradh

I Mí na Samhna 2003, d'eisigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní nádúrtha rialacháin a chuaigh i ngleic le saincheisteanna maidir le Sonraí a Chosaint agus Príobháideachas. Faoi na rialacháin, tá an ceart ag síntiúsóirí teileafóin gan glaonna margaíochta nár iarradh a fháil. Tá feidhmeanna agus cumhachtaí ag ComReg agus an Coimisinéir Cosanta Sonraí faoi na rialacháin.

Ag eascairt as cainteanna mionsonraithe i rith na tréimhse faoi athbhreithniú leis na soláthraithe seirbhíse teileafóin agus Eircom ina fheidhm mar oibreoir ainmnithe an Bunachar Sonraí an Eolaire Náisiúnta, tugadh isteach socruithe i Mí Iúil 2005 ag ceadú do rannpháirtithe teileafóin aonair a rogha gan glaonna margaíochta gan iarraidh a fháil. Tá forbairtí eile ar an tseirbhís beartaithe don bhliain 2006.

### Déileáil le Gearán Tomhaltóra

Tá dualgas ar oibreoirí seirbhísí rialaithe Cód Cleachtais a bheith acu chun déileáil le gearáin. Caithfidh na cóid sin teacht le híoschaighdeáin sonraithe ag ComReg agus treoir phraiticiúla a sholáthar do thomhaltóirí nuair atá siad ag déileáil le hoibreoirí. I gcás go bhfuil triall bainte ag tomhaltóir as gach cuid de nós imeachta um déileáil le gearáin an oibreora, is féidir leo teagmháil a dhéanamh le ComReg. Ag brath ar an tsaincheist, tógann ComReg an t-ábhar suas go díreach leis an oibreoir. Bíonn sé d'aidhm ag ComReg freagra cuí don tomhaltóir a fháil, trí iarraidh ar an oibreoir féachaint arís ar ghearán an tomhaltóra i bhfianaise aon oibleagáidí rialála. Déanann ComReg monatóireacht ar dhul chun cinn laistigh den phróiseas seo, agus a luaithe is a chuireann an t-oibreoir in iúl go bhfuil an t-ábhar socraithe, téann ComReg i dteagmháil leis an gcustaiméir le cinntiú go bhfuil siad sásta.

I rith na bliana rinne tomhaltóir teagmháil le ComReg i ndáil le 14,461 saincheist, méadú 50% ar an mbliain roimhe sin. Orthu seo ba ghearáin iad 2,703 agus ba fhiosruithe iad 11,758.

Ba é an príomhmhodh teagmhála le ComReg ná tríd an teileafón; 75% a bhain leas as "Líne an Tomhaltóra" agus rinne 20% teagmháil tríd an ríomhphost, is féidir é sin a dhéanamh tríd an láithreán gréasáin www.askcomreg,ie agus rinne an 5% eile teagmháil trí litir a scríobh.

Bhain na príomhearnála gearáin le billí nó le díospóidí faoi mhuirir ar sheirbhísí, le drochleibhéil chúraim don chustaiméir nó le drochchaighdeán seirbhíse agus moill i gcás seirbhísí nua a chur ar fáil.

Fiosruithe Líne fosaithe a bhain le:
- Fuadach Móideim/ Dialchaoi uathoibríoch
- Rochtain ar Leathanbhanda
- Malartú
- Iarratais ar eolas faoi sholáthraithe seirbhíse

Fiosruithe faoin Líonra Móibíleach a bhain le:
- Sruthaireacht
- Saincheisteanna Conartha
- Ráta Préimhe/Seirbhísí Sintiúis (atá lasmuigh de théarmaí tagartha ComReg agus a sheoltar ar aghaidh chuig RegTel chun déileáil leis)
- Sainchesiteanna trealaimh

Sa chás gur aithin ComReg saincheisteanna córasacha trí theagmhálacha faighte, tógadh iad sin síos go díreach leis na hoibreoirí i gceist ionas go bhféadfaí dul i ngleic leo ag leibhéal an chreata.

I Mí Dheireadh Fómhair 2004, ghlac ComReg páirt sa taispeántas Ideal Homes a reáchtáladh san RDS thar thréimhse na deireadh seachtaine fada. Ba dheis é seo chun eolas dírithe a sholáthar chuig lucht éisteachta mór tomhaltóirí. Aibhsíodh go háirithe, an rochtain ar rogha bille amháin a fháil ó sholáthraithe eile seirbhísí teileafóin mar aon leis an láithreán nua gréasáin a seoladh.

### Seirbhísí Fiosruithe an Eolaire

I Mí an Mheithimh 2004, mhol ComReg bearta chun a chinntiú go mbeadh rochtain chuí ag tomhaltóirí ar eolas i ndáil le seirbhísí Fiosruithe an Eolaire. Agus comhchomhairliú ar siúl ag ComReg i ndáil leis an ábhar seo, thóg ComReg san áireamh taighde margaidh a thug le fios go raibh easpa feasachta ann faoin gcostas a bhain le seirbhís DQ a úsáid i measc tomhaltóirí.

### Treoir

Mar chuid dá ról um fheasacht tomhaltóra, táirgeann Comreg treoir do thomhaltóirí le cinntiú go gcoinnítear tomhaltóirí ar an eolas faoi shaincheisteanna spéise. Aithníonn ComReg gur ceann de na tiománaithe príomhúla chun iomaíocht a spreagadh sa mhargadh is ea tomhaltóirí eolach. Is féidir le tomhaltóir ar an eolas réimse soláthraithe a mheas agus an ceann is fearr a d'oirfeadh dá riachtanais cumarsáide a roghnú bunaithe ar an riachtanas praghais/caighdeáin. Is é an cumas soláthraithe a athrú a spreagann oibreoirí chun dul san iomaíocht don ghnó agus a gcaighdeán a ardú dá réir. I rith na bliana faoi athbhreithniú, eisíodh treoir a bhain le bille amháin a fháil, glaoch ar Thuaisceart na hÉireann ag rátaí náisiúnta agus conas sruthaireacht an fhóin phóca a stopadh ó dhul ar líonra i dTuaisceart na hÉireann mura raibh sé ar intinn ag an úsáideoir é sin a dhéanamh.

### Oibleagáidí um Sheirbhís Uilíoch (USO)

I Mí Iúil 2003, nuair a tugadh isteach an creat nua rialála ainmníodh Eircom mar an soláthraí uilíoch seirbhíse (USP) do thréimhse 3 bliana le feidhm ó 25 Iúl 2003. Tá oibleagáidí USO ann chun a chinntiú gur féidir le gach úsáideoir deiridh tacar sainithe seirbhísí ar chostas réasúnta is cuma cá bhfuiltear lonnaithe a fháil. Seo a leanas na hoibleagáidí atá le cur i bhfeidhm ag Eircom:
- Líne Theileafóin ag áit fosaithe a chur ar fáil mar fhreagra ar 'iarratas réasúnta'
- Seirbhísí Eolaire a chur ar fáil
- Teileafóin Phoiblí a chur ar fáil
- Seirbhísí a sholáthar d'úsáideoirí faoi mhíchumas
- Tairifí a bheith Inacmhainne

I rith na tréimhse faoi athbhreithniú, rinne ComReg comhchomhairliú faoi riachtanais a leagadh síos maidir le líne teileafóin a chur ar fáil, go háirithe i ndáil le sainmhíniú ar 'iarratas réasúnta' agus an sainmhíniú ar Rochtain Fheidhmiúil ar an Idirlín (sainithe i Rialúcháin agus an Treoir ón AE mar nasc chaoil bhanda) a bhfuil gá le líne theileafóin a bhfuil d'acmhainn aice é a sheachadadh. Ag eascairt as Comhchomhairle agus le toil an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, d'eisigh ComReg a chinneadh i Mí Meán Fómhair 2005.

Faoi gcinneadh seo, tá sé de dhualgas ar Eircom gach iarratas ar nascadh a mheas mar iarratas réasúnta más lú ná €7,000 an caiteachas a bheadh i gceist. I gcásanna mar seo, ní ghearrfar níos mó ar an gcustaiméir ná an muirear caighdeánach nasctha. Measfar go bhfuil iarratas ar nascadh ina bhfuil caiteachas níos mó ná €7,000 i gceist ann réasúnta má aontaíonn an custaiméir an muirear caighdeánach a íoc mar aon le costais incriminteach os cionn €7,000. Éilíodh ar Eircom glacadh le ráta íosta sonraí 28.8 Kbits/s mar íos ráta réasúnta sonraí. Foilsíodh Treoirlínte chomh maith ag déileáil le saincheisteanna a bhain leis agus an bealach is cóir déileáil le hiarratais ar nascadh agus dul i ngleic le cásanna ina bhfuil an luas sonraí faoi bhun 28.8 Kbits/s.

# Ceadúnú Raidió

Tá an speictream minicíochta Raidió ar fáil le húsáid chun rogha leathan seirbhísí cumarsáide agus líonraí a chur ar fáil. Orthu seo tá líonraí raidió, mar a imlíníodh níos luaithe sa tuarascáil seo, ach chomh maith leis sin seirbhísí don úsáideoir deiridh a chomhtháthú cosúil le córais neascleanúint raidió, raidió gnó. craolachán, raidió loinge agus trealamh a úsáidtear i dtionsclaíocht, leigheas agus tráchtáil.

Caithfear úsáid trealamh raidió in Éirinn a bheith údaraithe ag ComReg. D'fhéadfadh go mbeadh ceadúnas i gceist faoin Acht Raidió Theileagrafaíochta 1926, An tAcht um Údarás Craolacháin (Leasaithe) 1960, i gcás Údarás RTÉ, nó faoin Acht Raidió agus Teilifíse ,1988 i gcás Coimisiúin Chraolacháin na hÉireann nó díolúine ó cheadúnas.


Is é an Rannán Ceadúnaithe laistigh den Chreat Margaidh a phróiseálann gach iarratas ar údarú agus cinntíonn sé go gcoinnítear na ceadúnais ar bhealach a uasmhéadaíonn úsáid an speictrim ar fáil agus cinntíonn sé go mbíonn seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil do gach ceadúnaí.



Amhail an 30 Meitheamh 2005, b'ionann iomlán an líon ceadúnais raidió ar ár mbunachar sonraí agus 17,536. Orthu seo tá 16,438 le hathnuachan gach uile bhliain. Tá méadú le cúpla bliain anuas ar líon iomlán na gceadúnas raidió, go mór mór i gcás saghsanna áirithe ceadúnas, mar atá léirithe sa léaráid thíos.

I rith na bliana faoi athbhreithniú bhí roinnt forbairtí tábhachtacha sa rannán ceadúnaithe, lena n-áirítear seoladh an láithreáin ghréasáin athcheadúnaithe, tabhairt isteach tástáil nua gan sreang agus réim nua ceadúnas ar bhonn triallach agus foinsiú allamuigh scrúdaithe na dturgnamhaithe Raidió.

**Number of Live Radio Licences '00 to '05**






# Ceadúnú Raidió

AR LEAN

## E-Ceadúnú

I Mí Dheireadh Fómhair 2004, sheol ComReg an chéad chéim dá Thionscnamh Ceadúnaithe Leictreonaigh, www.elicensing.comrag.ie, a cheadaíonn do dhaoine le ceadúnais reatha íocaíochtaí ar-líne a dhéanamh trí Chárta Creidmheasa nó Laser ar bhonn slán, áisiúil agus éasca.

Is iad buntáistí na seirbhíse don úsáideoir ná:

- Tugann sé sonraí don úsáideoir faoi na billí ar fad ceadúnais atá fós le híoc ar a chuntas ag an am áirithe sin. Tá sé seo thar a bheith úsáideach do dhaoine le cuntais níos mó a d'fhéadfadh go leor ceadúnas a bheith acu le hathnuachan le ComReg in aon am ar bith.

- Tugann sé an deis d'úsáideoirí íocaíochtaí slán a dhéanamh ar-líne in am ar bith i rith an lae nó i rith na hoíche 365 lá in aghaidh na bliana. Tá sé seo thar a bheith úsáideach do cheadúnaithe a theastaíonn uathu deimhin a dhéanamh de go shroicheann a íocaíochtaí ComReg in am nó do cheadúnaithe a theastaíonn uathu an obair láimhe a bhaineann le seic a scríobh agus a sheoladh sa phost nó ordú poist a sheoladh a sheachaint.

Ó seoladh an láithreán gréasáin e-ceadúnú, tá an-tóir ar íocaíochtaí ar–líne a dhéanamh chuig ComReg. Sa tréimhse ó Mhí na Samhna 2004 go Meitheamh 2005, rinneadh beagnach 14% de na hidirbheartaíochtaí íocaíochta ar–líne. Tá Comreg an-sásta leis an úsáid seo agus tá sé beartaithe an fheidhmíocht e-ceadúnú a fheabhsú le:

- Feidhmíocht bhreise Cuntais agus Ceadúnais, cosúil le sonraí teagmhála a thabhairt chun dáta, airgead a chur isteach sa chuntas agus liosta de na ceadúnais reatha i seilbh ceadúnaí.

- Iarratas leictreonach a dhéanamh ar cheadúnais raidió. Sheol ComReg a chéad fhoirm iarratais ar-líne san earnáil seo do na Ceadúnais um Thástáil, agus Triall gan Sreang i Mí na Bealtaine 2005.

## Scrúdú Nua Gan Sreang agus Réim Cheadúnaithe Thrialaigh

Tugtar mionsonraí faoin bhforbairt ar réim nua ceadúnaithe Tástála agus Triall faoi "Bhainistíocht Speictrim" Féadfar iarratas a dhéanamh ar thástáil gan sreang/ ceadúnas triallach a dhéanamh trí iarratas a dhéanamh tríd an bpost , nó trí fhoirm iarratais ar-líne a chomhlíonadh ar an láithreán gréasáin e-ceadúnú. Ó pheirspictíocht ceadúnaithe raidió is é seo an chéad chineál ceadúnais arb fhéidir iarratas a dhéanamh air go hiomlán trí mhodh leictreonach. Tá Comreg ag súil leis na foirmeacha iarratais ar-líne a úsáid i gcás saghsanna eile ceadúnais thar am.

## Conradh Scrúduithe na dTurgnamhaithe Raidió

I Mí na Bealtaine 2005, shínigh ComReg conradh le Cumann Tarchuradóirí na hÉireann (IRTS) chun Scrúduithe na dTurgnamhaithe Raidió a shocrú, a eagrú agus a cheartú.

Eisítear Ceadúnais do Thurgnamhaithe Raidió chuig díograiseoirí amaitéaracha raidió a theastaíonn uathu an radió a úsáid chun staidéar a dhéanamh ar éifeachtaí forleata raidió agus d'fhonn féin-oiliúint a dhéanamh ar fheidhmiú raidió. Ionas gur féidir le hiarrthóirí cáilíocht a bhaint amach do Cheadúnas Raidió Turgnamhaí is gá dóibh pas a fháil sa scrúdú HAREC (Teastas um Scrúdú Chomhchuibeach Raidió Amaitéarach). Ceadaíonn an conradh seo don IRTS na scrúduithe seo a riaradh.

## Ceadúnú Leanúnach Raidió

Faigheann agus próiseálann an Rannán Ceadúnaithe 4,000 iarratas ar an meán gach bliain do cheadúnais nua nó ar athruithe ar na córais atá ann cheana féin. Imlíníonn an méid seo a leanas na saghsanna éagsúla ceadúnais raidió a éisíonn ComReg agus tugtar mionsonraí faoi líon ceadúnas nua a eisíodh i rith na bliana seo.

## Raidió Gnó

Eisítear ceadúnais raidió gnó chuig comhlachtaí sa chás go mbíonn gá acu le córas príobháideach cumarsáide, e.g. sá chás go mbíonn raidiónna ag teastáil le haghaidh cumarsáid dhíreach dhá bhealach idir bhunáit agus pearsanra atá ag bogadh timpeall. Go hiondúil is cuideachtaí tacsaí agus cuideachtaí iompras chomh maith le heagraíochtaí rialtais agus stáit agus na seirbhísí éigeandála a úsáideann na córais seo. I rith na bliana eisíodh 282 cheadúnas nua i gcomparáid le 504 sa bhliain 2003 – 2004. Is ionann é seo agus laghdú 45%.

### Athchraoltóir Pobail

Is éard a bhíonn i gceist le seirbhísí Athchaoltóra Pobail ná stáisiún athchraoltóra ag suíomh ard atá in úsáid ag roinnt úsáideoirí. Cuireann an ceadúnaí an stáisiún athchraoltóra ar fáil, suiteálann sé nó sí é agus cothabhálann sé nó sí é agus ansin is féidir leis nó léi rochtain ar an staisiún athchraoltóra a cheadú ar bhonn tráchtála. I mbliana eisíodh sé cheadúnas nua. Is é seo an líon céanna ceadúnas nua a eisíodh sa bhliain roimhe seo.

### Radió Aerárthaigh

Clúdaíonn na ceadúnais seo úsáid trealaimh trasghlacadóra raidió lonnaithe ar aerárthaigh agus a fheidhmíonn laistigh de na minicíochtaí aerloinseoireachta chuig na túir rialúcháin (nuair a bhíonn an t-aerárthach ar an talamh nó san aer). I rith na bliana eisíodh 189 ceadúnas nua i gcomparáid le 157 sa bhliain 2003 – 2004.

### Raidió Long

Údaraíonn na ceadúnais seo cumarsáid dé bhealach le longa eile agus leis na Stáisiúin Raidió Cósta. Cumasaíonn na Stáisiúin Raidió Cósta do na hoibreoirí raidió long nascadh a dhéanamh leis an ngnáthlíonra teileafóin.

Is gá do gach long thrádála agus árthach paisinéara mara agus mórchuid na n-árthach iascaireachta raidió a bheith acu agus ceadúnas raidió a bheith acu freisin. Níl sé riachtanach don chuid is mó de na hárthaigh pléisiúr, raidió a bheith acu - ach tá ceann ag níos mó agus níos mó daoibh - sna cásanna seo caithfear ceadúnais a fháil freisin. I rith na bliana faoi athbhreithniú, eisíodh 1526 ceadúnas raidió long i gcomparáid le 662 sa bhliain 2003 – 2004, is ionann sin agus méadú bliain ar bhliain de 129%.

Is féidir ceadúnas raidió loinge a eisiúint i gcás ina bhfuil an Teastas Inniúchlachta cuí ag oibreoir an trealaimh raidió . I mbliana d'eisigh ComReg 2215 teastas dá leithéidí i gcomparáid le 865 sa bhliain 2003 – 2004 , sin méadú 156%.

### Córais Soghluaiste Raidió

Tugadh reachtaíocht isteach i Mí Lúnasa 2002 (I.R. Uimh. 435 de 2002), a d'éascaigh tabhairt isteach na réime nua ceadúnaithe don limistéar logánta nó córais raidió soghluaiste nár tugadh san áireamh go sonrach faoin reachtaíocht roimhe seo. Clúdaíonn an réimcóras cosúil le raidió truncaithe (córas raidió a fheidhmíonn trí chainéil mhinicíochta raidió a shainiú go dinimiciúil ó ghrúpa cainéal sainithe). Eisíodh dhá cheadúnas soghluaiste raidió i rith na tréimhse.

### Turgnamhaithe Raidió

Eisítear ceadúnas Trugnamaí Raidió chuig díograiseoirí amaitéaracha raidió a theastaíonn uathu an raidió a úsáid do staidéar ar éifeachtaí forleata raidió. Le 12 mí anuas, eisíodh 28 ceadúnas nua i gcomparáid le 35 sa bhliain roimhe sin.

### Naisc Raidió

Sa chás go mbíonn conair tharchuir raidió ag teastáil idir suímh fosaithe, bíonn ceadúnas raidió ag teastáil. Úsáideann go leor oibreoirí teileachumarsáide an raidió chun a suímh tarchur a nascadh le chéile. Úsáideann oibreoirí teileafóin mhóibíleacha go háirithe, naisc raidió chun a líonra tarchuir a sholáthar. I rith na tréimhse tuairiscithe, eisíodh 1511 ceadúnas do nasc raidió i gcomparáid le 972 sa tréimhse roimhe sin, is ionann sin agus méadú 55% bliain i ndiaidh bliana. Ar na príomhchúiseanna gur tharla an méadú seo tá leathnú ar an margadh agus rolladh amach oibreoirí móibíleacha 2G agus 3G agus tugadh isteach soláthraithe leathanbhanda gan sreang sa mhargadh.

# Ceadúnú Raidió

AR LEAN

### Rochtain Fosaithe gan Sreang i Limistéar Áitiúil

Sa bhliain 2003, sheol ComReg scéim cheadúnaithe do limistéar áitiúil do rochtain ar leathanbhanda gan sreang faoin réim Rochtain Fosaithe gan Sreang i Limistéar Áitiúil (FWALA). Faoi Mhí an Mheithimh 2005, d'eisigh ComReg 94 ceadúnas limistéir áitiúil. I rith na bliana faoi athbhreithniú, d'eisigh ComReg 58 ceadúnas nua sa bhanda 3.5 GHz agus 11 ceadúnas sa bhanda 10.5 GHz sin 68 ceadúnas nua san iomlán.

### Satailít

Baintear úsáid as Satailítí do chríocha éagsúla, lena n-áirítear craolachán teilifíse, meitéareolaíocht, suirbhéireacht agus teileachumarsáidí. Soláthraíonn líonraí satailíte rogha solúbtha eile in ionad an líne fosaithe ar-talamh agus líonraí fosaithe naisc raidió. Is féidir ceadúnas a chur i bhfeidhm ar thrí chatagóir stáisiúin satailíte domhanda, Stáisiúin an Domhain Mhóir (LES), Stáisiún in-iomprach Domhanda (TES) agus Teirminéal Cró An-Mhion (VSAT). Sa bhliain faoi athbhreithniú eisíodh 26 ceadúnas nua, i gcomparáid le 135 an bhliain roimhe sin. Is féidir a rá gur tharla an méadú seo toisc na rialúcháin um dhíolúine ceadúnais satailíte a tugadh isteach ag ComReg le cupla bliain anuas.

### Craoltóireacht

Measann ComReg go raibh 554,000 síntiúsóirí cábla agus MMDs in Éirinn ag deireadh Mhí an Mheithimh 2005, agus as sin go raibh 29% daoibh ag fáil síntiús ar sheirbhísí digiteacha. Ba ionann Cábla agus MMDS agus 32% de na síntiúsóirí ar fad in Éirinn ag deireadh Mhí an Mheithimh, méadú 4% ar an bhfigiúr ag deireadh Mhí an Mheithimh 2004.

Sa bhliain faoi athbhreithniú, eisíodh ceadúnas amháin do MMDS sa bhanda 12Ghz.

### Díolúine Ceadúnais

Tá cuid mhór córas raidió a bhfuil díolúine acu ar cheadúnú in Éirinn. Bunaítear díolúine ó cheadúnú nuair nach mbíonn aon cheanglas ann chun speictream áirithe a bhainistiú cosúil leis na bandaí tionsclaíoch, Eolaíoch agus Míochaine (ISM) agus sa chás ina bhfuil riosca suarach ann go mbeadh aon chur isteach díobhálach i gceist. I mórán cásanna is gá do threalamh raidió a bhfuil díolúine aige ó cheadúnú feidhmiú i speictream 'roinnte' le gléasanna eile. I gcás trealaimh a bhfuil díolúine aige ó cheadúnú, feidhmíonn sé ar bhonn ' gan aon chur isteach gan aon chosaint' sé sin ní féidir leis an trealamh aon chur isteach a chruthú do ghléasanna eile agus ní féidir leis cosaint a éileamh ó aon chur isteach faighte. I gcás aon trealaimh nach bhfuil díolúine aige ó cheadúnas bíonn ceadúnas ag teastáil. Tá achoimre de na gléasanna raidió a bhfuil díolúine acu ó cheadúnú sa tábla thíos.

**Achoimre ar na Ceadúnais Nua Eisithe**

| Cineál Ceadúnais | Uimh. Ceadúnais Eisithe 30/6/04 -30/6/05 | Uimh. Ceadúnais Eisithe 30/6/03 - 30/6/04 | Bliain ar Bhliain athraigh |
|---|---|---|---|
| Raidió Aerárthach | 189 | 157 | +20% |
| Raidió Gnó | 282 | 504 | -45% |
| Athchraoltóirí Pobail | 6 | 6 | 0% |
| FWALA | 69 | 38 | +82% |
| Turgnamhaithe Raidió | 28 | 35 | -20% |
| Naisc Raidió | 1511 | 972 | +55% |
| Córais Mhóibíleach Raidió | 2 | 2 | 0% |
| Raidió Satailíte | 26 | 135 | -81% |
| Raidió Long | 1516 | 661 | +129% |
| Teastas Inniúlachta (Longa) | 2215 | 865 | +156% |
| Scrúdú | 12 | 4 | +200% |

Tá sonraí na gcineálacha ceadúnas thuas agus foirmeacha iarratais ar fáil ó láithreán gréasáin ComReg ag www.comreg.ie

## Achoimre na ngléasanna Raidió a bhfuil díolúine acu ó Cheadúnú

| Cineál Raidió | Tuairisc | Ordú Díolúine | Fáiséis bhreise |
|---|---|---|---|
| **Gaireas Gearr-Raon (SRD)** | Gaireas eile ar chumhacht íseal cosúil le feidhmíochtaí ionduchtacha, alairm, samhail a smachtú ,siúlscéalaithe, micreafóin gan sreang agus córais fuaime, LANS raidió, Iompras Bóthair agus teileamaitic tráchta (RTTT), agus córais chun Minicíocht Raidió a aithint (RFID). | S.I. 405 de 2002 | ERC/REC/70-03<br>Cáipéisí: 02/71 |
| **Banda an tSaoránaigh** | Banda an t-Saoránaigh AM (CB) agus trealamh raidió PR27. | S.I. 436 de 1998 | Caighdeáin: ETS 300 433, ETS 300 135 Cáipéisí: 00/62R |
| **Satailít** | Stáisiúin Áirithe Soghluaiste Talaimh lena n-áirítear, Eutelstat, Italstat, Arcanet, agus Thuraya. | S.I. 398 de 2001 | Caighdeáin: TBR 026, TBR 044, TBR 027, EN 301 681 Cáipéisí: 00/68. 00/62R |
| | Stáisiúin áirithe Fosaithe Satailíte Glacadóra Talaimh lena n-áirítear glacadóirí VSAT agus SNG. | S.I. 273 de 2000 | Caighdeáin: TBR 28, TBR 30, TBR 43 Cáipéisí: 00/68. 00/62R |
| | Stáisiúin Mhóibíleacha Talaimh do Chórais Chumarsáide Satailíte Pearsanta <1GHz (S-PCS<1GHz) | S.I. 173 de 2000 | Iarscríbhinn 2 de ERC/DEC/(99)06 Cáipéisí: 00/62R |
| | Stáisiúin Mhóibíleacha Talaimh do Chórais Chumarsáide Satailíte Pearsanta <1GHz ( Seirbhís Domhanda Móibíleach Cumarsáide Pearsanta GMPCS) | S.I. 214 de 1998 | ERC/DEC/(97)03<br>Cáipéisí: 00/68, 00/62R |
| | Díolúine ag na Stáisiúin Aerárthaigh Chumhacht Ísil | S.I. 007 de 2004 | |
| | Teirminéil Úsáideora Satailíte Cumhacht Íseal | S.I. 505 de 2003 | Caighdeáin:<br>EN 301-459<br>TBR 28<br>ERC/DEC/(00) 03 ERC/DEC/(00) 04<br>ERC/DEC/(00) 05 |
| | Teirminéil Satailíte Ar-Bord Aerárthaigh | S.I. 007 de 2004 | Caighdeáin:<br>EN 301-473;<br>EN 302-186 |
| | Teirminéil Úsáideora Móibíleach Satailíte | S.I. 128 de 2005 | Caighdeáin:<br>ECC/DEC/(02) 11<br>EN 301-444<br>EN 301-681 |
| **PMR 446** | Raidiónna Gearr-raon gnó ag feidhmiú sa bhanda 446MHz | S.I. 93 de 1998 | Cáipéisí: 00/62R |
| **GSM** | Teileafóin GSM ag feidhmiú sa bhanda 900MHz | S.I. 409 de 1997 | Cáipéisí: 00/62R |
| **DCS 1800** | Teileafóin GSM ag feidhmiú sa bhanda 1800MHz | S.I. 107 de 1999 | Caighdeáin: TBR 31, TBR 32 Cáipéisí: 00/62R |
| **Teileafóin gan Sreang** | Teileafóin analógacha gan sreang a fheidhmíonn ag 31.025 - 31.325MHz (cuid fosaithe) agus 31.925 - 40.225MHz (cuid soghluaiste)<br><br>Teileafón gan sreang DECT a fheidhmíonn idir 1800 – 1810MHz<br><br>CT2-CAI córas digiteach raidió gan sreang a fheidhmíonn sa bhanda 864.1 - 868.1Mhz agus a thagann le ETS 300 131 | S.I. 410 de 1997 | Cáipéisí: 00/62R |
| **Craoltóireacht** | Stáisiúin áirithe chraolacháin athsheachadáin le sreang | S.I. 200 de 1976 | Cáipéisí: 00/62R |
| | Glacadóirí craolachán fuaime | S.I. 211 de 1972 | |
| **Glacadóirí Raidió** | Glacadóirí Ginearálta Raidió (seachas Teilifíseáin) | S.I. 197 de 2005<br>S.I. 292 de 2005 | |

# Bainistíocht Speictrim

Is acmhainn é an speictream minicíochta raidió a bhfuil ionchur riachtanach aige i mórán earnála criticiúla a bhuntacaíonn an geilleagar nua-aimseartha. San áireamh iontu tá teileachumarsáidí, craoltóireacht, iompras agus seirbhísí fóillíochta Tá méadú i gcónaí ar an éileamh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht agus raon roinnt mhaith de na táirgí tomhaltóra a úsáidimid sa bhaile, san oifig agus/nó agus sinn ag gluaiseacht. De réir mar a chruthaíonn nuálaíocht teicneolaíochta riachtanas eile ar speictrim, bíonn tuilleadh tábhachta ag baint lena mbainistíocht éifeachtúil.

Tá ComReg freagrach faoi Alt 10 den Acht um Rialachán Cumarsáide 2002 agus as bainistíocht an Speictrim Mhinicíochta Raidió agus ceann dá chuspóirí faoi alt 12 is ea a úsáid agus a bhainistíocht éifeachtúil a chinntiú.

**Plean Minicíochta Raidió**

Faoi Alt 35 den Acht um Rialachán Cumarsáide 2002, tá ComReg freagrach as an bPlean Náisiúnta um Mhinicíocht Raidió a chur le chéile, a athbhreithniú, a chur i bhfeidhm agus a fhoilsiú d'Éirinn.

Is é foilsiú an Phlean Mhinicíochta Raidió[1] a tugadh chun dáta i Mí Iúil 2004 a leanann le tiomantas ComReg chun deimhin a dhéanamh de go gcoinnítear tomhaltóirí go hiomlán ar an eolas faoi fhorbairtí a tharla nó atá beartaithe. Sonraíonn an eagrán is déanaí roinnt athruithe suntasacha a tugadh isteach ag Comhdháil um Chumarsáid Raidió Domhanda a tionóladh sa bhliain 2003 (WRC -03) agus na forbairtí a rinneadh i gcomhchuibhiú tríd an CEPT Cinntí agus Moltaí an Choiste Chumarsáide Leictreonaí.

Tá an cháipéis seo dírithe ar úsáideoirí reatha, ar ábhar úsaideoirí agus ar lucht infheistíochta i seirbhísí teileachumarsáide in Éirinn. Imlíníonn na táblaí atá ann na saghsanna seirbhísí raidió cumarsáide leithdháilte le gach banda minicíochta, na caighdeáin i bhfeidhm, mar aon le nótaí faoi fhorbairtí sa todhchaí más cuí.



## Clár Tomhaiste Aschur Radaíochta Neamh-Ianaitheacha


Eilíonn ComReg go dtagann gach oibreoir trealaimh chumarsáide raidió le treoirlínte idirnáisiúnta do nochtadh ginearálta roimh mhachairí leictreamaigméadacha. Le comhlíonadh a chinntiú d'fhoilsigh an Coimisiún tuairiscí iniúchta le trí bliana anuas ar chomhlíonadh oibreoirí leis na teorannacha ginearálta nochta sainithe sna treoirlínte arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint ó Radaíocht Neamh-Ianaithe (ICNIRP). Tá clár cuimsitheach curtha i bhfeidhm ag ComReg chun na leibhéil neamh-ianaithe radaíochta ag suas le 400 suímh timpeall na tíre a thomhais. Ar bhonn na hoibre a rinneadh i ngach ceann de na hiniúchtaí is féidir a dhearbhú go bhfuil próisis agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag gach cuideachta a chinntíonn go bhfuiltear ag teacht le teorannacha idirnáisiúnta ginearálta nochtadh. Foilsítear na sonraí seo mar chuid de phróiseas, chun an pobal a choimeád ar an eolas ar bhonn níos fearr, maidir le chomhlíonadh suiteálacha raidió le treoirlínte idirnáisiúnta do theorannacha nochtadh poiblí, roimh radaíocht neamh-ianaithe.

I Mí Meán Fómhair 2004, d'fhoilsigh ComReg an ceathrú tuarascáil idirthréimhseach (ComReg cáipéis 04/97) a chlúdaíonn 100 suíomh, lena n-áirítear 40 suíomh a úsáidtear d'éagsúlacht chórais raidió. Ar bhonn an iniúchtha a rinneadh, faightear sa tuarascáil ar na suímh ar fad go bhfuil siad go suntasach faoi bhun na leibhéil treorach ICNIRP.

## Seirbhísí Sonraí Leathanbhanda Móibíleach Digiteach sna bandaí 420MHz agus 900MHz

Is príomhchuspóir náisiúnta é Leathanbhanda a bheith ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do sholáthar seirbhísí sonraí don phobal. Tá ComReg tiomanta do deimhin a dhéanamh de go bhféactar ar gach uile bhealach chun an cuspóir sin a bhaint amach agus tá roinnt tionscnamh tugtha isteach chuige sin lena n-áirítear ceadúnais náisiúnta agus logánta rochtain fosaithe i limistéar logánta. Tá fás leanúnach ar an gcríochaontú sna seirbhísí seo agus tá suim ag ComReg tuilleadh iomaíochta a chur chun cinn san earnáil seo agus chun Éire a choinneáil mar an príomhionad d'fhorbairt agus úsáid teicneolaíochtaí gan sreang.

1 Cáipéis Comreg 04/77- Plean Minicíochta Raidió foilsithe 14 Iúl 2004.



# Bainistíocht Speictrim

AR LEAN

I Mí Dheireadh Fómhair 2004(ComReg 04/107) d'fhoilsigh an Coimisiún plé páipéir faoi iomaíocht mhéadaithe trí sheirbhísí sonraí leathanbhanda digiteacha móibíleacha a cheadúnú sna bandaí 420MKz agus 900MKz. Bunaithe ar na freagraí tá sé beartaithe ag ComReg ceithre cheadúnas náisiúnta a ofráil de 2x2MHz an ceann as seirbhísí leathanbhanda digiteacha sonraí móibíleach a chur ar fail: dhá cheadúnas sa bhanda 420MKz agus dhá cheann sa bhanda 900 MHz. Ofrálfar na ceadúnais seo ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce ach má sháraíonn an t-éileamh an soláthar in aon bhanda cuirfear na ceadúnais ar ceant. Dámhfar ceann amháin de na ceithre cheadúnas ar fáil ar na hiarrthóirí. Tabharfar tuairisc ar thoradh an chomórtais seo sa chéad tréimhse eile.

### Deiseanna chun Tástáil a dhéanamh ar Sheirbhísí agus Teicneolaíochtaí gan sreang in Éirinn.

Chun tógáil ar bhuntáistí na hÉireann na suíomh tástála agus forbartha gan sreang; chríochnaigh ComReg comhchomhairle i Mí Lúnasa 2004 chun réim nua níos solúbtha a thabhairt isteach. Bhog ComReg go tapa agus thug sé isteach réim nua ceadúnaithe do thrialacha seirbhíse raidió agus teicneolaíochta go luath sa bhliain 2005, a chuirfidh Éire chun tosaigh mar ionad foirfe do thaighde agus forbairt. Anuas ar roinnt de na srianta a scaoileadh beagán ar an réim tástála reatha, tugadh isteach scéim nua ceadúnaithe a cheadóidh seirbhísí nua nuálácha gan sreang don chéad uair nach dtagann leis na catagóirí reatha ceadúnais a chuirfear ar fáil don phobail ar bhonn trialach. Ceadóidh sé seo tástáil choincheapanna nua seirbhíse i dtimpeallacht réadúil ag céim luath forbartha, ag deimhniú go bhfuil na ofrálacha tráchtála oiriúnaithe i gceart chun freastal ar riachtanais na n-úsáideoirí.

### Léirithe Spéise i gCeadúnas Teileachumarsáide 3G Móibíleach

Sa bhliain 2001/2002 reáchtáil Oifig an Stiúrthóra Rialúcháin Teileachumarsáide (ODTR), ComReg anois, chun na ceadúnas 3G a dhámhadh. Cuireadh fáilte sa Chomórtas roimh iarratas ar 4 cheadúnas éagsúla, ceann amháin den cheadúnas 'A' agus trí cheadúnas 'B'. Ba é an toradh a bhí air ná go bhfuair Hutchinson 3G Éire an ceadúnas 'A' agus fuair O2 agus Vodafone ceadúnas 'B' an duine. Ní raibh aon iarrthóirí ar an gceadúnas 'B' a bhí fágtha san am sin.

I rith tréimhse na hathbhreithnithe, fuair ComReg léiriú foirmiúil suime faoin tríú ceadúnas 'B' a fháil. De réir ceanglais an Treoir Údaraithe maidir le trédhearcacht agus oscailteacht, chuir ComReg fáilte roimh léirithe eile suime sa tríú cheadúnas 'B'.

### Comhdháil Réigiúnach Cumarsáide Raidió (RRC-06)

Tá úsáid na minicíochtaí do chraoltóireacht teilifíse trastíre san Eoraip pleanáilte timpeall ar phlean sainithe aontaithe minicíochta a críochnaíodh daichead is a trí bliain ó shin. D'fhonn an plean a thabhairt chun dáta agus chun ardáin seachadta digiteacha a thabhairt san áireamh thionóil an Ceardchumann Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU) Comhdháil Réigiúnach Cumarsáide Raidió (RRC) ina bhfuil 119 tíortha ón Eoraip, An Aifric, an Meánoirthir agus an Iaráin mar aon le Cónaidhm na Rúise agus roinnt de na tíortha taobh leis páirteach ann. Ba i rith an chéad séisiúin a tionóladh sa bhliain 2004 a forbraíodh creat don phlean agus aontaíodh ar obair idir sheisiúin a bhfuil gá le baint amach roimh an dara seisiúin a thionólfar sa bhliain 2006 áit a críochnófar an plean nua. Bhí ComReg páirteach sa tréimhse tuairiscithe seo mar chuid de thoscaireacht na hÉireann sna seisiúin agus i reáchtáil na hoibre idirsheisiúin.

### Monatóireacht Speictrim

Tá ComReg freagrach chomh maith as deimhin a dhéanamh de go dtagann oibreoirí agus daoine aonair leis na hoibleagáidí ceadúnais a rialaíonn úsáid an speictrim. Chuir ComReg tús le iniúchta i gcás roinnt sháraithe ar na rialacháin thar an tréimhse agus de thoradh air sin tharla roinnt ionchúiseamh cóiriúil de bharr tarchuir neamhdhleathacha. Bhain sé seo go háirithe le craoltóirí neamh-cheadúnaithe. Cé go bhfuil feasacht phoiblí faoi na saincheisteanna a bhaineann lena leithéid de chraolacháin, chonacthas sa tréimhse i gceist samplaí de tharchuir ag cur isteach ar tharchuir cheadúnaithe, cumarsáid aerárthach, córais radar aeir thráchta agus cumarsáid éigeandáil raidió.

Tá ComReg tiomanta i gcónaí do laghdú a chur i bhfeidhm ar chraoltóireacht neamhcheadaithe d'aon ghnó chomh maith le craoltóireacht neamhcheadúnaithe trí thaisme de bharr trealaimh nach bhfuil á fheidhmiú i gceart nó de bharr trealaimh nach bhfuil cumraithe i gceart.

## Obair Ilghnéitheach a rinneadh maidir le Bainistíocht Speictrim

- Ag leanúint ar aghaidh leis an tsraith fhoilseachán a ghlacadh chomh maith sin leo a aibhsíonn teicneolaíochtaí nua, d'fhoilsigh ComReg Nóta faoi chórais chun Minicíocht Raidió a Aithint (ComReg 04/79).

- Ina ról mar bhainisteoir náisiúnta speictrim d'fhreagair ComReg, ar chomhchomhairle DCMNR maidir le beartas minicíochta speictrim do Chraolachán Digiteach (DAB). Ina fhreagra ghlac ComReg chur chuige ag teacht lena riachtanais reachtúla, a dhéanann iarracht ar uasúsáid a bhaint as an speictrim raidió. Mhol freagra ComReg go bpleanálfar úsáid an Bhanda VHFIII don todhchaí le DVB-T, teicneolaíocht digiteach a bhfuil de chumas aici roinnt seirbhísí a sholáthar san am céanna, a spreagann solúbacht ar úsáid an speictrim agus a chothaíonn coinbhéirseacht agus a cothromaíonn riachtanas an tomhaltóra san am céanna. (ComReg 04/93)

- Ag freagairt ar an tsaincheist Eorpach, thionóil ComReg comhchomhairle faoi úsáid idircheapóirí teileafónaíochta móibíleach in Éirinn (ComReg 04/109). Cé go dtuigeann ComReg an frustrachas agus an cur isteach gur féidir le húsáid míchuí, míchúramach fón póca a chruthú i gcúinsí airithe, go ginearálta, glacann sé an dearcadh go mbaineann úsáid míchuí fón póca le hiompraíocht agus gur fearr dul i ngleic leis trí oideachas poiblí agus trí fheasacht feabhsaithe ar an mbéasa a bhaineann le fón póca a úsáid. In ainneoin sin, d'fhéadfadh go mbeadh roinnt institiúidí nó ionaid phoiblí den tuairim go bhfuil gá le bearta níos gníomhaí ag teastáil chun cosc a chur le fón póca a úsáid i dtimpeallacht faoi leith. Má tá sé riachtanach cosc a chur le cumarsáid ar an bhfón póca seans gurb é an stáisiún bunáite idircheapóra a réiteach is fearr; sa chás sin ba chóir don eagraíocht i gceist idirbheartaíocht a dhéanamh leis na hoibreoirí líonra móibíligh chun stáisiún bunáite idircheapóra a shuiteáil. Bunaithe ar an gcomhchomhairle chinn ComReg cead a thabhairt d'oibreoirí líonraí móibíleacha idircheapóirí teileafóin mhóibíligh a suiteáil mar chuid dá líonra ceadúnaithe dá mba mhain leo é, faoi réir téarmaí agus coinníollacha faoi leith.

- I rith tréimhse an athbhreithnithe seo d'fhoilsigh ComReg Chomhchomhairle faoi scéim nua ceadúnaithe chun seirbhísí raidió gnó a chur ar fáil chuig tríú páirtithe. Tógann an tionscnamh ar scéim reatha ceadúnaithe ComReg athchraoltóirí pobail agus seans go mbeadh an- suim ag oibreoirí reatha na Athchraoltóirí Pobail agus ag na soláthraithe trealaimh ar mhaith leo pacáistí cuachta seirbhíse raidió a chur ar fáil. Tabharfaidh an scéim mholta solúbacht nach raibh ann riamh do cheadúnaithe chun raon seirbhísí raidió gnó a chur ar fáil do thríú páirtithe in áit ar bith sa tír, faoi réir comhlíonadh leis na coinníollacha ceadúnais.

  Déanfar tuairisciú ar thoradh na comhchomhairle seo sa chéad tréimhse eile.

- Díreach roimh dheireadh na tréimhse athbhreithnithe d'fhoilsigh ComReg comhchomhairle faoi mholtaí chun úsáid an Bhanda Seirbhíse Fosaithe 26GHz a chuíchóiriú. Moladh an chuíchóiriú seo chun solúbacht bhreise a chur ar fáil maidir leis na bealaí inar féidir banda a úsáid chun freastal ar riachtanais na líonraí sonraí agus teileachumarsáide atá ag síormhéadú, d'fhonn a chinntiú go bhfuil úsáid éifeachtúil á baint as an speictrim chun freastal ar riachtanais an luchta leasmhara ar bhonn tráthúil. Is chóir go gcuirfear ar aghaidh go neamhspleách na leasanna a bhaineann leis na líonraí éifeachtúla agus as an tsolúbacht atá á ofráil chuig oibreoirí chuig tomhaltóirí i bhfoirm seirbhísí feabhsaithe agus thairifí laghdaithe.

  Déanfar tuairisciú ar thoradh na comhchomhairle seo sa chéad tréimhse eile.

# Uimhriú

I measc a fhreagrachtaí eile tá ComReg freagrach as an scéim uimhrithe náisiúnta teileafóin a bhainistiú. Is éard a bhíonn i gceist leis seo ná go ndéanfar anailís ar gach sagas uimhir theileafóin agus na códanna gearra, ag feidhmiú straitéis a chinntíonn nach n-ídeofar aon acmhainní uimhrithe, ag déanamh foráil d'uimhreacha agus códanna de gach saghas seirbhís nua agus seirbhís atá ann faoi láthair agus ag cinntiú go n-osclaítear uimhreacha teileafóin go tapa ar gach líonra náisiúnta agus idirnáisiúnta.

### Seirbhísí um Phrótacal Idirlíne don Ghuthú(VoIP)

Nuair a foilsíodh a pháipéar comhchomhairle ComReg 04/72 i Mí an Mheithimh 2004, a chuir tús le plé ar réimse leathan topaicí VoIP (uimhriú, rochtain ar sheirbhísí éigeandála, iniomparthacht uimhreach, sláine líonra srl.) Ba é foilsiú freagra ar an gcáipéis ComReg 04/103 an 14 Deireadh Fómhair, 2004, a d'oscail raon nua uimhreacha go sonrach do VoIP agus do chríocha IP, a chuir leis an seasamh ceannarúil seo. Le cáipéis 04/103, chuaigh ComReg níos faide ná an chuid is mó de na riarthóirí eile trí uimhreacha tíreolaíochta agus uimhreacha eile a oscailt d'úsáideoirí VoIP, le srianta teoranta amháin ar a úsáid. Chuaigh ComReg i ngleic leis na saincheisteanna comhchomhairle eile lena n-áirítear an ceann acrannach sin, idirnascadh, inar tugadh spreagadh láidir d'fhórsaí an mhargaidh chun na réitigh is fearr a thabhairt aníos, gan ghníomhaíocht dhíreach rialaithe.

Le rath teoranta ag fórsaí an mhargaidh in oscailt na n-uimhreacha nua '076' VoIP, ghlaoigh ComReg i Mí Feabhra 2005 ar Caveat ComReg 04/103, a cheadaíonn dó cur isteach ar an margadh más gá. Thionóil ComReg cruinniú tionscail an 2 Feabhra 2005, agus as sin d'eascair diansraith comhchomhairlí r-phost chomh maith le chomhchomhairle ar dhréacht Treoracha chuig Eircom, agus de thoradh air sin, faoi dheireadh i Márta 2005, i gcinneadh foirmiúil ó ComReg (ComReg D5/05) a d'éiligh oscailt iomlán an raon uimhreacha '076' Bunaíodh an prionsabail faoi tháillí a ghearradh ar an tsamhail phraghsála Uimhreacha Códanna Aistrithe (NTC), se sin táille áitiúil amháin a úsáid do gach glaoch chuig uimhreacha '076'. Tá an tsamhail seo i bhfeidhm ón am sin.

An 5 Iúil, 2005 d'fhoilsigh ComReg a cháipéis ComReg 05/50 'Treoirlínte do sholáthraithe Seirbhíse VoIP faoin mbealach a Caitear le Tomhaltóirí". Is Cód Cleachtais dheonaigh é an cháipéis a shonraíonn an cleachtas is fearr i dtionscal, go mór mór le cinntiú go gcoinnítear tomhaltóirí go hiomlán ar an eolas faoi na difríochtaí atá ann idir na seirbhísí nua VoIP, nuair a chuirtear i gcomparáid iad le seirbhísí traidisiúnta PSTN.

### Athruithe ar na huimhreacha Náisiúnta

Agus ComReg ag bainistiú na n-acmhainní uimhrithe go héifeachtúil, tá sé an-fheasach faoi na leasanna éagsúla a bhaineann le hathruithe a dhéanamh ar uimhreacha chun tosaigh go leor ionas nach n-ídeofar uimhreacha; seachas moill a dhéanamh faoi uimhreacha a athrú go dtí an nóiméad deireanach; tá forchostais ag baint le sin do gach páirtí i gceist. Dá réir sin, glactar cúram faoi leith le cinntiú go bhfuil na hathruithe riachtanach sula gcuirfear tús le próiseas athraithe.

I Mí na Nollag 2004, ba léir do ComReg, tar éis iniúchtaí a dhéanamh ar úsáid náisiúnta uimhreacha, nach bhféadfaí cloí le bearta gan athruithe a dhéanamh ar uimhreacha ó Phort Laoise agus ón Muilinn gCearr ar feadh i bhfad eile. Léirigh staidéir gur chóir tús a chur le hathruithe a luaithe agus is féidir chun déileáil le héileamh trom ar uimhreacha sna ceantair sin mar aon le Loch Garman Ceantar 1, cé nach bhfuil an phráinn chéanna leis, tá na huimhreacha ann beagnach ídithe.

Tosaíodh ar obair ullmhúcháin do na hathruithe sin ar uimhreacha tríd an gcéad leath den bhliain 2005, le idirbheartaíocht le tionscal agus eisíodh an chéad tacar de threoirlínte faoi na hathruithe chuig an tionscal i Mí an Mheithimh 2005. Lean fógraí poiblí agus preas eisiúintí díreach ina dhiaidh sin.

Is é an plean ná go n-oibreoidh na huimhreacha nua le seacht n-uimhreacha i gcomhar leis na sean uimhreacha ina raibh cúig uimhir iontu; cuirfear tús leis sin i Mí na Nollag 2005 agus beidh deireadh leis na seanuimhreacha i Mí Bealtaine/ Meithimh 2006. Cuirfear fógraí taifeadta leis na huimhreacha nach bhfuil in úsáid níos mó ar feadh tréimhse 12 mí ó Bhealtaine/Meithimh 2006 le cinntiú go mbíonn go leor ama ag duine ag déanamh glaoch a leabhar seoltaí a thabhairt chun dáta.

## Coinbhinsiúin Athbhreithnithe Uimhrithe

Feidhmíodh na Coinbhinsiúin Náisiúnta Uimhrithe go sásúil thar tréimhse na tuarascála, agus an tasc á chur i gcrích, sé sin cearta agus oibleagáidí a leagadh síos go soiléir do shealbhóirí gach saghas uimhir theileafóin agus cód gearr. Mar is gnáth, rinneadh roinnt athruithe nó cuireadh leis an scéim uimhrithe i rith na tréimhse i gceist agus tugadh na Coinbhinsiúin chun dáta go leagan 5 chun iad sin a thabhairt san áireamh.

Ba é an príomhathrú ná gur ionchorpraíodh na rialacha a rialaíonn ainmniú an raon nua uimhreach '076' do sheirbhísí IP bunaithe (agus go mór mór ag an gcéim seo, do chríocha VoIP), mar a tuaradh i gComReg 04/103. Anuas air sin, bhí gá leis an obair a chríochnú ón tréimhse roimhe sin a bhain leis na seirbhísí Ráta Préimhe creata agus san am céanna chuathas i ngleic le hainmniú na raonta nua 1598 agus 1599. Lasmuigh de na hathruithe seo, chuathas i ngleic le pointí áirithe a bhain le huimhriú i leagan 5, agus foilsíodh é an 5 Lúnasa 2005. Tá fianaise ann atá ag méadú áfach, go bhfuil na coinbhinsiúin seasta go leor, agus cinneadh a dtréimhse athbhreithnithe bliantúil a shíneadh go tréimhse 18 mí ag dul ar aghaidh.

## Uimhriú Leictreonach (ENUM)

Is meicníocht choinbhéirseachta é an Prótacal ENUM a cheadaíonn gnáth úsáideoirí PSTN glaoch ar chustaiméirí idirlín bhunaithe ag úsáid Guth thar IP (VoIP) fiú nuair atá seoladh den chineál URL- ag an té a rabhthas ag glaoch air agus nach féidir é a dhiailiú ó theileafón an té a chuir an glaoch. Déanann sé é seo trí chóras féachaint-suas a úsáid a leanann seoltaí cumarsáide uile an té a rabhthas ag glaoch air nuair a thugtar a uimhir nó a huimhir teileafóin dó nó dí mar ionchur. Ciallaíonn sé seo gur féidir ENUM a úsáid i gcomhar le go leor seirbhísí eile seachas Guth, mar is féidir uimhir theileafóin an té a rabhthas ag glaoch air a úsáid mar bhealach isteach chun déanamh amach an bhfuil sé ar fáil nó an bhfuil sé ann agus teagmháil a dhéanamh trí theachtaireacht ar an toirt nó trí ríomh-post nó facs nó seirbhísí eile.

Ó Mhí Lúnasa 2003, tá tionscnamh glactha ag ComReg chun ENUM in Éirinn a chur chun cinn agus ag eascairt as comhchomhairle a léirigh suim phoiblí san ENUM, bunaíodh triall, a ritheadh ó Mí Iúil 2004 go Márta 2005. Is éard a bhí i gceist leis seo ná chur i bhfeidhm an Chláir ENUM DNS agus clárú sampla dúnta d'úsáideoirí ina raibh cumarsáid VoIP tosaithe agus tastáilte. Bhí eilimint idirnáisiúnta i gceist sa triall toisc gur tharla an chumarsáid idir úsáideoirí an ardáin ENUM Éireannaigh agus úsáideoirí an ardáin Ostaraigh, le cumas féachaint suas ENUM sa dhá bhealach. Ba é Fóram ENUM a bhunaigh ComReg a rinne maoirseacht ar gach gné den triall agus thairg sé tuarascáil ENUM i Mí Dheireadh Fómhair 2004, tugadh é sin chun dáta i bhfoirm tuarascáil dheiridh i Mí Meán Fómhair 2005 (ComReg )4/105a).

Ag eascairt as ráth na trialach, léirigh roinnt gníomhaithe tionscail suim i mbogadh ar aghaidh chuig ENUM ar scála tráchtála. Tá obair ar an tionscal seo ag leanúint ar aghaidh.

1 Le bheith níos cruinne faoi, is iad na limistéir teileafón a ndeachaigh sé i bhfeidhm ar ná, Port Laoise, Mainistir Laoise, an Tulach Mór, Biorra, an Muileann gCearr, Baile na gCros, Bealach an Tirialaigh, Loch Garman, Innis Córthaigh, Fearna agus Guaire.
2 Afilias a chuir Sraith 1 ar fáil , agus ba é UCD agus MCI a sholáthair na freastalaithe ainm, ar na húsáideoirí deiridh bhí scoláirí UCD agus foireann MCI agus pearsanraComReg.

# Rialú Poist

## Creat Rialúcháin

Is é ComReg an tÚdarás Náisiúnta d'earnáil Phoist na hÉireann. Ar cheann de phríomhrólanna ComReg i ndáil leis seo tá forbairt na n-earnála poist a chur chun cinn agus go háirithe inúsáidteacht seirbhís phoist uilíche laistigh, chuig agus ón Stát ar phraghas inacmhainne ar son leasa na n-úsáideoirí ar fad.

Agus a spriocanna á seachadadh, díríonn ComReg ar sheirbhísí poist ar ardchaighdeán dírithe ar chustaiméirí a sholáthar, ag tabhairt ráthaíocht go mbaileofar litreacha agus bearta, ní lú ná 5 lá i aghaidh na seachtaine, chuig gach uile sheoladh ar fud na tíre, agus san am céanna an tsaoirse a bhaint amach chun seirbhísí iomaíocha a sholáthar san earnáil trí léirscaoileadh an mhargaidh phoist de réir a chéile ag teacht le treoracha Eorpacha.


Ar na feidhmeanna sonracha tá, leagadh síos na gcaighdeán seirbhíse do An Post, Feidhmíocht a mheas i gcoinne na sprice seo, treoir a eisiúint chuig An Post maidir leis na nósanna imeachta cuntasaíochta atá le cur i bhfeidhm agus na cuntais rialaithe á n-ullmhú, monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na Prioncabail Thairifí agus gnéithe a shonrú den tseirbhís uilíoch ar a bhfuil de dhualgas ar An Post a sholáthar. Faoi chumhachtaí seachtracha ní féidir le An Post praghsanna a ardú do sheirbhísí forchoimeádta uilíocha gan comhaontú ComReg.

Ó Mhí Eanáir 2004, ba iad na seirbhísí 'forchoimeádta' chuig An Post mar an Soláthraí Seirbhíse Uilíoch ná ítimí de chomhfhreagras intíre agus chomhfhreagras ag teacht isteach thar an teorainn le meáchan nach mó ná 100g, sa chás go raibh an praghas trí huaire níos lú ná an tairif intíre pobail d'ítim chomhfhreagrais sa chéad chéim mheachana den chatagóir chaighdeánach is tapúla i.e. 1.44 ( ag praghsanna reatha).



Ó Mhí Eanáir 2006, laghdófar an teorainn seo a thuilleadh go 50g, sa chás go raibh an praghas níos lú ná dhá huair go leith an tairif intíre poiblí (mar atá sonraithe thuas), le hoscailt iomlán an mhargaidh beartaithe do Mhí Eanáir 2009.

**Fig 1: Interrelationship between Universal, Reserved and Unregulated Postal Services based on domestic price 48c**




Tá Éire éagsúil ó thíortha eile sa mhéid is go bhfuil sé riachtanach ceadúnas a fháil chun seirbhísí a chur ar fáil atá in iomaíocht go díreach leis an soláthraí ainmnithe seirbhíse uilíche, is féidir seirbhís a bhunú atá in iomaíocht leis (lasmuigh den limistéar forchoiméadta). Ó 1 Eanáir 2004, áfach, tá sé dlite ar sholáthraithe seirbhíse poist seachas An Post le láimhdeachas os cionn €500,000, gan CBL sa áireamh, iarratas a dhéanamh ar 'údarú seirbhíse poist' agus nósanna imeachta simplí gearáin agus sásaimh a chur i bhfeidhm deartha chun na tomhaltóirí a chosaint.

Ag deireadh Mhí an Mheithimh 2005, rinne 25 soláthraithe Seirbhísí Poist iarratas chuig ComReg ar Údarú Seirbhíse Poist agus astu sin údaraíodh 10 cinn acu i rith na bliana faoi athbhreithniú. Is féidir féachaint ar chlár na sealbhóirí reatha agus na seirbhísí ar fáil a fheiceáil ar láithreán gréasáin ComReg www.comreg.ie



# Rialú Poist

AR LEAN

## Caighdeán Seirbhíse An Post


Is príomhsprioc é do gheilleagar nua-aimseartha cosúil le geilleagar na hÉireann go mbeadh seirbhís phoist ar ardchaighdeán éifeachtúil ar chomhchéim leis an gceann is fearr san Eoraip ar fáil agus mar sin is tosaíocht é do ComReg go mbeadh an caighdeán is airde ar fáil ag píosa amháin poist ar ardtosaíocht. Ar cheann de na spriocanna is bunúsaí atá leis na Treoracha Poist Eorpacha is ea feabhsuithe a bhaint amach i gCaighdeán Seirbhíse agus tá dualgas de réir an dlí ar ComReg sprioc um Chaighdeán Seirbhíse a shonrú do An Post.

Tá TNS mrbi faoi chonradh ag ComReg chun caighdeán seirbhíse An Post do phíosa amháin poist ar thosaíocht a mheas (gnáth chomhfhreagras ó lá go lá a sheolann daoine aonair agus gnónna). I rith na bliana d’fhoilsigh ComReg a thuarascáil bhliantúil TNS mrbi don bhliain 2004 mar aon le torthaí d’fheidhmíocht i ngach ráithe. Léirigh na tuarascálacha don bhliain 2004 gur seachadadh níos lú ná trí cinn as ceithre cinn de phíosaí gnáth chomhfhreagras (píosa amháin post) an lá i ndiaidh a sheolta agus nár seachadach 4% 3 lá níos déanaí. Tá achoimre de na torthaí tugtha thíos. Tá torthaí do Ráithe 1 2005 ar fáil thíos chomh maith.

| | Post Náisiúnta (D+1) | Post áitiúil (D+1) | Post Náisiúnta (D+3) |
|---|---|---|---|
| Sprioc Sonraithe | 94% | 94% | 99.5% |
| Q1 2004 | 70% | 75% | 94% |
| Q2 2004 | 70% | 75% | 97% |
| Q3 2004 | 78% | 81% | 99% |
| Q4 2004 | 67% | 71% | 96% |
| An Bhliain iomlán 2004 | 72% | 76% | 96% |
| Q1 2005 | 76% | 79% | 98% |

D’eisigh ComReg Treoir chuig An Post ag leagadh síos sprioc do chaighdeán seirbhíse de 94% do sheachadadh an lá dar gcionn do phíosa amháin poist agus d’éiligh sé ar An Post plean feidhmiúcháin a chur faoina bhráid laistigh de 60 lá ag léiriú conas agus cathain a mheasann sé a bhainfear amach an caighdeán seirbhíse sonraithe. I rith na bliana cheap An Post comhchomhairleoirí seachtracha chun iniúchadh ó dheireadh go deireadh ar chaighdeán seirbhíse a líonra. Chuir An Post leagan ciorraithe dá thuarascáil iniúchta chuig ComReg i Mí na Bealtaine 2005.

**Fig 2: National Mail Next Day (D+1) Delivery Performance**




## Seirbhís Poist Uilíoch

I rith na bliana faoi athbhreithniú, d’eisigh ComReg páipéar comhchomhairle (ComReg 05/16) faoi cad iad na seirbhísí is ceart a sholáthar mar chuid den tseirbhís phoist uilíoch in Éirinn, agus cén seirbhísí is cóir do An Phost a sholáthar (mar an soláthraí seirbhíse uilíche) chun a oibleagáid a chomhlíonadh, sé sin seirbhís uilíoch a sholáthar.

D’éiligh an creat leathan de na riachtanais um sheirbhís uilíoch sa reachtaíocht go mbeadh sainmhíniú dírithe ar an gcustaiméir den ‘tseirbhís uilíoch’ chun cosaint iomlán a thabhairt do chustaiméirí poist agus cuidiú le deimhin a dhéanamh de go gcosnaíonn ComReg na seirbhísí atá ag teastáil ó chustaiméirí poist.

I measc na moltaí le tabhairt san áireamh sa sainmhíniú oibre seo bhí seirbhísí litreach, seirbhísí bulcphost, seirbhísí poist ar leith faoi árachas agus cláraithe poist, seirbhísí beartáin agus seirbhísí eile. Eisíodh freagra ComReg chuig an gComhchomhairle 05/85 an 15 Samhain 2005.

## Rochtain ar Bhulcphost

D’fhoilsigh ComReg a fhreagra ar chomhchomhairliú ar an tsaincheist faoi Rochtain ar líonra An Post i Mí Meán Fómhair 2004 (ComReg 04/92). San áireamh leis an gcomhchomhairle bhí Dréacht treoir chuig An Post maidir le rochtain ar líonra An Post do sheoladóirí móra. D’ardaigh an cháipéis freagartha roinnt cheisteanna maidir le cur i bhfeidhm na Dréacht-treorach. Iarradh go gcuirfear freagraí faoi bhráid ComReg sula n-eiseofar Treoir chuig An Post.

### Postchóid

Déanann an Ceardchumann Idirnáisiúnta Poist cur síos ar an bpostchód mar an chuid is búnúsaí, is riachtanaí de sheoladh, agus gur aitheantóir sainiúil, uilíoch é, a aithníonn ceantar an seolaí agus go gcuidíonn sé le tarchur agus le sórtáil earraí poist. Faoi láthair úsáideann 117 ball tíortha den UPU Postchóid,mar chuid dá gcórais seoltaí. Is í Éire an t-aon tír amháin san Aontas Eorpach gan chóras postchóid agus go deimhin is í Éire ceann den bheagán tír ar domhan gan é.

Mar chuid de chomhchomhairlí poiblí ComReg, iarradh ar pháirtithe gur suim leo é a dtuairimí a chur faoina bhráid, agus d’fhoilsigh ComReg a Thuarascáil um Phostchóid i Mí Eanáir 2005. Moladh sa tuarascáil go ndéanfaí staidéar féidearthachta i ndáil le tabhairt isteach na bpostchód. Moladh sa tuarascáil go mbunófaí Grúpa Ionadaíoch Oibre.

D’fhógair an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, Noel Dempsey TD an 23 Bealtaine 2005, go dtabharfar postchóid isteach in Éirinn faoin 1 Eanáir ,2008. D’fhonn an tionscadal a chur chun cinn, cheap an tAire, Bord Bainistíochta um Phostchóid Náisiúnta, a dhéanfaidh ionadaíocht do na geallsealbhóirí. D’iarr an tAire ar Chathaoirleach ComReg, Isolde Goggin, go gceapfaí bainisteoirí tionscadail leis an saineolas teicneolaíochta cuí acu chun postchód oiriúnach a dhearadh agus anailís iomlán costais agus leasa a dhéanamh air. Tabharfaidh na Bainisteoirí Tionscadail tuairisc chuig an mBord Tionscadail. Cuirfear tús le obair ar an tionscadal, i ndiaidh próisis tairisceana chun Bainisteoirí Tionscadail a roghnú.

### Tairifí An Phoist

An 23 Bealtaine 2005, d’iarr An Post ar ComReg aontú ar mholadh chun an praghas ar earraí poist intíre atá forchoimeádta chuig an gcuideachta faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Seirbhísí Poist) 2002, a ardú le feidhm ón 31 Lúnasa, 2005. Tharla an t-ardú deireanach ar phraghsanna intíre i ndáil lena leithéid d’earraí i Mí Lúnasa 2003.

Amhail 31, Bealtaine , 2005 chuir ComReg in iúl do An Post, gur gá don choimisiún na próisis a leanúint agus cinneadh á dhéanamh ar aon iarratas chun praghsanna a ardú agus nach bhféadfaí tús a chur leis an bpróiseas go dtí go bhfuarthas iarratas ‘oiriúntas don fheidhm’ agus aon cháipéisíocht a thacódh leis sin. Níor shásaigh an t-ábhar a sholáthar An Post an riachtanas seo. I Mí Lúnasa 2005, fuair ComReg ábhar breise.

### Comhaontaithe um Dleachtanna Teirminéil

Rialaíonn na Comhaontuithe um Dleachtanna Teirminéil an méid airgid a fhaigheann An Post as litreacha a sheachadadh in Éirinn ar son oibreoirí idirnáisiúnta poist eile. Chuir ComReg in iúl do An Post arís agus arís eile nach mbaileodh sé an costas iomlán tabhaithe i gcás poist a sheachadadh a thagann isteach trasna na teorann.

Cé go bhfuil ComReg ar an airdeall go bhfuil riachtanas ann go ndéanfadh An Post a chuid idirbheartaíochta de réir mar is cuí leis, agus san am céanna go dtagann sé leis na hoibleagáidí atá air, is díol imní é nach bhfuil an t-ábhar seo réitithe go fóill go mór mór toisc go bhfuil sé tábhachtach ó thaobh cúrsaí airgeadais An Phoist agus toisc aon tionchair dhiúltaigh a bheadh aige ar chostais phoist do chustaiméirí An Phoist.

1 De réir na bpriosabal sonraithe sa chaighdeán Eorpach agus ÉireannachI.S. EN 13850 2002 ‘Seirbhísí Poist – Caighdeán Seirbhíse – Am aistriú a thomhas do na seirbhísí ó dheireadh go deireadh do phíosa amháin poist ar thosaíocht agus post den chéad aicme.’

# Gnóthaí Idirnáisiúnta

### An Grúpa Eorpach Rialtóirí

Is é an Grúpa Eorpach Rialtóirí (ERG) a bunaíodh sa bhliain 2003, a thugann struchtúr foirmiúil do na rialtóirí Eorpacha agus don Choimisiún Eorpach chun idirghníomhaíocht a dhéanamh, chun ábhar a phlé, agus chun chomhfheidhmíocht a fhorbairt do chumarsáidí leictreonacha, líonraí agus seirbhísí ar aon. Is mar chomhlacht comhairleach chuig Coimisiún na hEorpa, a sholáthraíonn sé meicníocht do mhachnamh agus díospóireacht agus toisc go bhfuiltear ag glacadh lena moltaí, is tiománaí é do chur chuige coiteann i ndáil le cur isteach rialaitheach. Is rannpháirtí gníomhach é ComReg i ngach tionscadal imlínithe i gclár oibre ERG.

Ó Mhí Iúil 2004 go Mí an Mheithimh 2005, ghlac an ERG le roinnt cháipéisí a chuir feabhas ar shoiléireacht an chur chuige rialaithigh agus a bhí d'aidhm aige gníomhaíocht rialaitheach an todhchaí a dhéanamh amach: Chur chuige ERG chuig VOIP; Le bunú na seirbhísí VoIP, theastaigh ón nGrúpa Rialtóirí Eorpach féachaint ar roinnt de na saincheisteanna a d'fheadfadh teacht aníos laistigh de na margaí i bhfeidhmiú agus i bhforbairt. Sa cháipéis seo, bhí fonn ar an ERG béim a chur ar na méid seo, sé sin gur chóir d'aon chur isteach rialaitheach an leibhéal is airde nuálaíochta agus iomaíochta a cheadú. Ag bunú an chur chuige ar aitheantas a thabhairt do leibhéal nuaghinte na seirbhíse VOIP, leag an ERG béim air seo, go bhfuil dualgas ar na húdaráis rialaitheacha féachaint go grinn ar aon bhac ar iontráil sa mhagadh de réir mar a thagann siad aníos mar aon le hoibleagáidí na soláthraithe VOIP maidir le cearta an tomhaltóra. Tuarascáil an ERG faoi Iomaíocht Mhargaidh Leathanbhanda: Déileálann an tuarascáil seo le iomaíocht sa mhargadh rochtain mórdhíola leathbhanda. Faigheann sé go bhfuil iomaíocht ag brú dul i bhfód leathanbhanda ar aghaidh(i.e. bíonn dul i bhfód níos airde ann i gcás tíortha ina bhfuil margaí níos iomaíocha ann) déanann sé measúnú ar an tionchar a bhíonn ag na hÚdaráis rialaitheacha i gcothú rochtana agus maidir leis na múnlaí rochtana a úsáidtear. Staid Chomónta an ERG maidir le Sruthaireacht Mhórdhíola Idirnáisiúnta: Sonraíonn an cháipéis seo an Staid Choiteann atá ag na húdaráis náisiúnta rialaitheacha ar an anailís thosaigh ar shainmhíniú ar an margadh agus ar mheasúnú ar chumhacht shuntasach margaidh don mhargadh náisiúnta shruthaireacht idirnáisiúnta mhórdhíola. Tá sé d'aidhm aige treoir chomhsheasmhach agus aontaithe a thabhairt chuig na húdaráis nuair atá an margadh á shainmhíniú agus á anailísiú. Glacadh chomh maith le Tuairim an ERG faoi athbhreithniú ar Mholadh an Choimisiúin faoi scagadh cuntasaíochta agus faoi chostchuntasaíocht; thug sé seo tuilleadh soiléiriú faoi chur i bhfeidhm na n-oibleagád um Scagadh Cuntasaíochta agus Costchuntasaíocht molta i dtreoir an AE.

### Grúpa Beartais an Speictrim Raidió

Glacann ComReg páirt mar bhall den Ghrúpa Beartais an Speictrim Raidió a bunaíodh chun tuairimí a ghlacadh, a chabhródh agus a thabharfadh cúnamh agus comhairle don Choimisiún Eorpach faoi shaincheisteanna beartais an speictrim raidió. Sa tréimhse 2004 go 2005 ghlac an RSPG tuairimí a dhéileálann leis an athrú go craoladh digiteach, trádáil tánaisteach cearta chun an speictrim raidió a úsáid, tosaíochtaí don Chomhdháil Phobail sa Saol Raidió-teileachumarsáide 2007 agus Beartas Rochtana Gan Sreang do Sheirbhísí Leictreonacha (WAPECS).

### An Grúpa Neamhspleách Rialtóirí

Solathraíonn an Grúpa Neamhspleách Rialtóirí an deis do na húdaráis náisiúnta rialacháin chun casadh ar údaráis eile rialacháin chun saincheisteanna forfheidhmiúcháin a phlé. Bhí an fóram úsáideach mar machaire chun díospóireachtaí a reáchtáil faoi chur i bhfeidhm an chreata rialacháin agus mar mhalartán eolais. Tá roinnt cháipéisí foilsithe ag an ngrúpa i rith na tréimhse, is é an ceann is suntasaí ná, Prionsabail fhorfheidhmiúcháin agus an sárchleachtais maidir le FL-LRIC samhlú costais mar aon le foilsiú pictiúr de na Rátaí Móibíleacha Foirceanta san Eoraip uile.

### An Coiste Cumarsáide

Bunaithe mar choiste comhairleach chuig Coimisiún na hEorpa, samhlaíodh an Coiste mar fhóram ina bhféadfadh ball stáit caidreamh a bheith acu leis an gCoimisiún, plé a dhéanamh agus comhairle a thabhairt faoi staid agus forbairt ghníomhaíochtaí rialacháin maidir le líonraí agus seirbhísí leictreonacha chumarsáide. Glacann ComReg páirt, mar aon le hionadaithe ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha mar chuid de thoscaireacht na hÉireann.

Sa tréimhse i gceist, thug an coiste comhairle faoi roinnt saincheisteanna agus ba ea an ceann ba shuntasaí ná: tuairiscí rialta ag sonrú rochtain ar leathanbhanda san AE, i.e. an líon línte miondíola, línte DSL, línte a úsáideann teicneolaíochtaí eile, glacadh le Moladh an Choimisiún faoi Leathanbhanda thar línte cumhachta, rolladh amach 3G, forbairt seirbhísí teileafónaíochta neamh-thíreolaíoch i gcomhthéacs forbairt na seirbhísí uile Eorpacha agus glacadh le Moladh an Choimisiúin ar sholáthar línte ar léas. Anuas air sin, cuireadh eolas ar fáil faoin gcur i bhfeidhm ag leibhéal náisiúnta, na treoracha leictreonacha cumarsáide go mór mór i ndáil le húsáideoirí faoi mhíchumas. I dtéarmaí níos ginearálta soláthraíonn an fóram an Coimisiún Eorpach leis an deis chun eolas a sholáthar faoi thrashuí agus Feidhmíocht an chreat rialacháin a rialaíonn an earnáil chumarsáide leictreonaí.

# Gnóthaí Corparáideacha

Forbraíonn agus cuireann an Rannán Gnóthaí Corparáidigh i bhfeidhm straitéisí agus beartais úra, a dearadh chun chur leis an bhfeidhmíocht oibiachtúil. Tá an Rannán seo freagrach freisin as na feidhmeanna eagraíochtúla seo a bhainistiú:

- acmhainní daonna
- córais faisnéise
- saoráil faisnéise
- áiseanna

## Ceapacháin Ardbhainistíochta

D'fhógair an tAire Cumarsaide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha bunú ComReg an 1 Nollaig 2002. I rith na tréimhse faoi athbhreithniú, ceapadh Isolde Goggin mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún an 1 Nollaig 2004. Ceapadh Mile Byrne mar Choimisinéir an 1 Nollaig 2004.

Tá an Coimisiún mar aon leis an gCoiste Bainistíochta Beartais (MPC) freagrach as bainistíocht straitéiseach agus feidhmíoch na heagraíochta. I rith na tréimhse faoi athbhreithniú, cheap an Coimisiún ball nua amháin chuig an MPC – Dermot Nolan mar Chomhairleoir Sinsearach Eacnamaíochta - agus chuir sé roinnt athruithe struchtúrtha i bhfeidhm, le ceapadh Donal Leavy mar Stiúrthóir Oibríochtaí Margaidh agus Shay O'Malley mar Stiúrthóir an Rannáin Nua Gnóthaí Corparáidigh, ina bhfuil Cúram Custaiméara agus Cumarsáide sa áireamh ann anois.

## Dámhachtain HRD

Aithníonn an Oifig gurb é forbairt acmhainní daonna an príomheilimint in ár ráth leanúnach agus gur féidir sárfheidhmíocht a bhaint amach trí infheistíocht leanúnach amach agus trí thiomantas ár bhfoireann. Tá áthas orainn mar sin, gur aithníodh ár mbeartais agus córais go seachtrach, trí dhá dhámhachtain ollmhór HR a bhaint amach - athnuachan an dámhachtán 'Feabhas Trí Dhaoine" an caighdeán náisiúnta d'fhorbairt acmhainní daonna agus an cháilíocht ó Institiúid na gCuntasóirí Cairte (ACCA) an comhlacht idirnáisiúnta gairmiúil chuntasaíochta is mó ar domhan gur fhostóir ceadaithe é ComReg d'Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil (CPD). Aithníonn an cháilíocht na caighdeáin arda oiliúna agus forbartha a chuireann ComReg ar fáil dá bhaill foirne.

## Córais faisnéise

Tugann feidhm chórais faisnéise ComReg tacaíocht don eagraíocht ag leibhéal feidhmíochta, ag soláthar úsáid phraiticiúil oirbheartaíoch IT agus córais faisnéise agus imscaradh spriocanna straitéiseacha IT. Ní hamháin go bhfeidhmíonn an fheidhm chórais faisnéise mar chuiditheoir luachmhar gnó do ComReg ach cuireann sé le eispéireas an pháirtí leasmhair trí feabhas a chur ar na córais idirlíne agus na córais agus na seirbhísí ar chúl na hoifige.

I rith na tréimhse tugadh faoi réimse leathan tionscadal agus tionscnamh lena n-áirítear forbairt agus rolladh amach láithreán gréasáin nua do thomhaltóirí - www.askcomreg.ie - ag soláthar faisnéis dírithe ar na tomhaltóirí ar raidhse topaicí cumarsáide. Ar na feabhsuithe agus seirbhísí eile idirlín bunaithe a cuireadh chun cinn i rith na tréimhse bhí, imscaradh e-cheadúnú, agus íocaíochtaí ar-líne agus iarratas ar cheadúnú ar-líne, tabhairt isteach fórmáid eile do threoir thomhaltóirí agus foilsiú na gcáipéisí chomhchomhairle arbh aighneachtaí iad ar an láithreán gréasáin.

Chun tacú le cairt an dtomhaltóirí de chuid ComReg, cuireadh i bhfeidhm réiteach chun chomhfhreagras foirmiúil le ComReg do fhiosruithe agus gearáin chuig Consumerline a leanúint mar aon le hiarratas FOI agus iarratas chuig an stiúrthóir gréasáin. Ar na buntáistí a bhaineann leis an gcóras bogearra CRM ( bainistiú an ghaoil leis an gcustaiméir) seo, tá rianú éifeachtach iarratais agus comhdú láraithe digitigh iarratais agus chomhfhreagrais.

Cuireadh seirbhísí IT, lena n-áirítear Rochtain gan Sreang ar an Idirlín ar fáil do réimse chruinnithe agus chomhdhálacha, lena n-áirítear Fóram CEO ComReg agus cuireadh feabhas ar áiseanna IT do chur i láthair inmheánach nó do chruinnithe. Ar na tionscadal eile bhí athbhreithniú ar bheartais slándála faisnéise agus nósanna imeachta, tacaíocht a thabhairt do phróisis thairisceana do chórais bhreise iarratais agus athbhreithniú ar an mbogearra d'iarratas ar cheadúnas agus straitéis a chur le chéile faoi straitéis bainteach leis don todhchaí.

## Rochtain ar Fhaisnéis

Tacaíonn ComReg go huile agus go hiomlán le reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise agus i rith na tréimhse faoi athbhriethniú, bhí 24 iarratas againn ar eolas faoin Acht FOI. Chun malartú eolais a chothú agus chun rochtain agus slándáil a chur ar fáil do eolas cruthaithe, úsáidte agus stóráilte ag ComReg, dhírigh bainistíocht taifead ar chóras bogearra CRM (bainistiú an ghaoil leis an gcustaiméir) a éascaíonn rianú éifeachtach iarratais agus comhdú láraithe digitigh chomhfhreagras.

Sruthlínigh cur i bhfeidhm an chórais CRM chun iarratais FOI, cosaint sonraí agus chomhfhreagras a rianú agus a bhainistiú an próiseas i gcúl na hoifige agus chabhraigh sé chun feabhas a chur ar eispéireas an iarrthóra ar an bpróiseas. Anuas air sin, is é cur i bhfeidhm ár mbeartas chomhchomhairle sé sin ár n-aighneachtaí a fhoilsiú a sholáthraíonn meicníocht éifeachtúil, trédhearcach chun rochtain an phobail a éascú ar an bhfaisnéis seo.

# Cumarsáid agus Foilseacháin

### An tAonad Cumarsáide

Eisíonn an tAonad Cumarsáide, atá ina chuid den Rannán um Ghnóthaí Corparáideacha, preas ráitis agus cuireann sé teachtaireachtaí agus ráitis in iúl do na meáin agus don phobal go ginearálta thar ceann ComReg. Bainistíonn an tAonad ábhar an láithreáin ghréasáin, déileálann sé le fiosruithe ó na meáin agus eagraíonn sé comhdhálacha agus seimineáir. Anuas air sin tá sé freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus Nuachtlitir ComReg a fhoilsiú.

Tionólann ComReg Comhdháil Náisiúnta gach bhliain ar ábhar áirithe. Tugtar cuireadh d'aoi chainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun a gcuid shaineolas a roinnt lenár dtoscairí. Solathraíonn na himeachtaí seo an ardán foirfe chun eolas a roinnt, d'aiseolas, agus plé i measc na bpáirtithe leasmhara uile sna hearnálacha rialacháin agus teicneolaíochta.

An 13 Deireadh Fómhair, 2004, reáchtáil ComReg a Chomhdháil Náisiúnta san Ospidéal Ríoga i gCill Mhaighneann. ' Freastal ar an R-Chustaiméir' an teideal a bhí ar an gcomhdháil, agus d'fhéach sé ar na héilimh reatha agus ar an héilimh a bheidh ann sa todhchaí ag tomhaltóirí laistigh den mhargadh teileachumarsáide. D'oscail an tAire Cumarsáide, mara agus Acmhainní Nádúrtha Neol Dempesy TD an Comhdháil agus d'fhreastail os cionn 160 toscairí ar an gcomhdháil.

Tá liosta de na caipéisí a foilsíodh i rith na bliana ar fáil in Aguisín 1 den Tuarascáil seo agus tá an cáipéisí ar fad ar fáil ar láithreán greasáin ComReg www.comreg.ie

# Rialachas Corparáideach

Tá sé d'aidhm ag an gcoimisiún comhlíonadh leis an sárchleactas a chinntiú i Rialachas Corparáideach. I Mí Dheireadh Fómhair 2001, cheadaigh an Raltas Cód Cleachtais do Rialachas Corparáideach na gComhlachtaí Stáit. Sonraíonn an cód prionsabail Rialachais Chorparáidigh a bhfuil de dhualgas ar chomhlachtaí Stáit a leanúint.

Sonraíonn an cód chomh maith sa chás go bhfuil forálacha i reachtaíocht atá i bhfeidhm ar chomhlacht stáit rialaíonn nithe atá ina ábhar den Chód Cleachtais, go rialófar na nithe sin faoin reachtaíocht lena mbaineann i gcónaí. I gcas ComReg, forálann Alt 33 den Acht um Rialachán Cumarsáide , 2002, go nglacfaidh an coimisiúin le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais, cód bainistíochta airgeadais ( atá bunaithe ar Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit) agus go n-eagróidh sé a bhfoilsiú ag eascairt as an gceadú sin. Tá ár gcód um bhainistiú airgeadais ceadaithe ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus ag an Aire Airgeadais. Tá sé foilsithe ar ár láithreán gréasáin.

Chun cabhrú le cur i bhfeidhm a fhreagrachtaí, bhunaigh an Coimisiún Coiste Iniúchta de Chúigear chun breathnóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas tuarisicithe airgeadais agus ar na córais rialaithe inmheánaigh a úsáideann ComReg. Is baill seachtracha iad tríúr ball den Choiste Iniúctha agus Cathaoirleach an Choiste san áireamh. Feidhmíonn an Coiste Iniúchta faoi théarmaí foirmiúla tagartha agus chas siad ar a chéile trí huaire i rith na bliana.

Is é beartas ComReg ná teacht leis an gCód Cleachtais um Rialáil Chomhlachtaí Stáit agus tá tuairisc tugtha aige ar a chomhlíonadh leis na hailt ábharthacha den chód sa Tuarascáil Bhliantúil nó ann féin trí litir chuig an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha.

# Ráitis Airgeadais

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEITHEAMH 2005


| | |
|---|---|
| TUAIRISC ÓN STIÚRTHÓIR | 44 |
| RÁITEAS FAOI FHREAGRACHTAÍ AN STIÚRTHÓRA | 45 |
| RÁITEAS UM AN gCÓRAS RIALAITHE AIRGEADAIS INMHEÁNAIGH | 46 |
| TUAIRISC ÓN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 47 |
| RÁITEAS MAIDIR LE BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA | 48 |
| CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS | 49 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 50 |
| RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID | 51 |
| NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 52 |

# Tuarascáil an Chathaoirligh

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEITHEAMH 2005

Tá sé de phliesiúr agam an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis iniúctha airgeadais don Choimisiún um Rialáil Chumarsáide don bhliain dar críoch Meitheamh 2005 a chur i láthair.

### Príomhghníomhaíochtaí

Bunaíodh an Coimisiún Um Rialáil Chumarsáide an 1 Nollaig 2002. Sonraíodh feidhmeanna an Choimisiúin san Acht um Rialachán Cumarsáide, 2002. Baineann na feidhmeanna seo le Rialáil agus le ceadúnú an tionscail chumarsáide leictreonaí ( tarchur raidió agus craoltóireacht) agus rialachán na seirbhísí poist. Maoiníodh an Coimisiún trí ioncam faighte ó na tionscadail chumarsáide leictreonacha agus poist amháin. Ba é a bhí mar thoradh ar bhunú an Choimisiúin ná scrios Oifig an Stiúrthóir um Rialachán Teileachumarsáide an 1 Nollaig 2002 agus aistríodh feidhmeanna an stiúrthóra chuig an gCoimisiún um Rialachán Cumarsáide.

### Torthaí Airgeadais

Tá torthaí airgeadais an Choimisiúin sonraithe sna Ráitis Airgeadais agus sna nótaí a thacaíonn leis na Ráitis Airgeadais. Léiríonn na torthaí nach bhfuil aon bharrachas nó easnamh i gceist.

### Iniúchóirí agus Cuntais

Faoin Acht um Rialachán Cumarsáide , 2002, coinneoidh an Coimisiún na gnáthchuntais is cuí i ndáil le gach suim airgid a fuair sé nó a chaith sé ina leithéid d'fhoirm is a cheadóidh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, le toiliú an Aire Airgeadais. Cuirfidh an Coimisiún cuntais i ndáil le gach bliain faoi bhráid an Ard -Reachtaire Cuntas agus Ciste. Laistigh de 42 lá ó rinneadh iniúchadh ar na cuntais, tá dualgas ar an gCoimisiún cóip de na cuntais sin a chur faoi bhráid an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, mar aon le tuarascáil iniúchta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### Rialachas Corparáideach

Tá an Coimisiún tiomanta do na caighdeáin is airde rialachas corparáidigh a choinneáil. Is é an Cód Cleachtais um Rialachas Cuideachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais an bunús ar a bhfuil ár mbeartais um rialachas corparáideach bunaithe. Is é ár mbeartas é go leanaítear an sárchleachtais san earnáil cheannacháin agus go gcomhlíontar gach ceanglas dearbhaithe cánach.

Éilíonn Alt 33 den Acht um Rialachán Cumarsáide, 2002, go nglacann ComReg , le ceadú an Aire agus an Aire Airgeadais, cód bainistíochta Airgeadais agus eagróidh sé a fhoilseachán i ndiaidh a leithéide de cheadú. Anuas air sin tá ceanglas ar an gCoimisiún athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a gcód bainistíochta airgeadais agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcód agus é a fhoilsiú de réir mar is cuí. Tá ceanglas freisin ar an gCoimisiún ráiteas a thabhairt sa tuarascáil bhliantúil faoi chomhlíonadh an chóid.

Tá ár gcód bainistíochta airgeadais ( atá bunaithe ar chód cleachtais um Rialachas do Chomhlachtaí Stáit arna fhoilsiú ag an Roinn Airgeadais) ceadaithe ag an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus an tAire Airgeadais. Tá an cód seo foilsithe ar ár suíomh idirlín agus is é beartas an Choimisiún é comhlíonadh an Chóid a chinntiú.

### Gnóthas Leantach

Tar éis fiosruithe a dhéanamh creideann na Coimisinéirí, go bhfuil acmhainní a dhóthain ag an gCoimisiún chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú don am amach anseo agus gur chuí go nglacfaidh sé an bonn gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

### Íoc Pras Cuntas

Aithníonn an Coimisiún a fhreagracht as deimhin a dhéanamh de go bhfuil comhlíonadh i gceist, i ngach gné le forálacha Rialachán na gComhphobal Eorpach (íoc Déanach in Idirbhearta Trádála) 2002 ('na Rialacháin'). Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun na dátaí sin ina bhfuil sonraisc dlite a aithint, agus go ndéanfar íocaíochtaí ar na dátaí sin. Deimhníonn na nósanna imeachta dá leithéid go réasúnta ach ní go dearfach nach mbíonn neamh-chomhlíonadh ábharthach leis na rialacháin i gceist. Ba é an beartas íocaíochta i rith na bliana faoi athbhreithniú ná teacht le ceanglais na Rialachán.

### Sábháilteacht agus slándáil na bhfostaithe

Tá cosaint déanta ar shábháilteacht, sláinte agus leas fosaithe an Choimisiúin trí cloí leis na caighdeáin sábháilteachta atá ag teacht le ceanglais an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an obair 1989. Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar an ráiteas sábháilteachta agus a chomhlíonadh leis an reachtaíocht oiriúnach.

**Isolde Goggin**
Cathaoirleach
An Coimisiún um Rialáil Chumarsáide
27 Marta 2006

# Ráiteas um Fhreagrachtaí an Choimisiúin

Faoin Acht um Rialachán Cumarsáide, 2002, coinneoidh an Coimisiún na gnáthchuntais is cuí i ndáil le gach suim airgid a fuair sé nó a chaith sé ina leithéid d'fhoirm is a cheadóidh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, le toiliú an Aire Airgeadais –

(a) a fheidhmeanna i ndáil le cumarsáid leictreonach agus

(b) a fheidhmeanna i ndáil le hábhair phoist.

In ullmhúchán na ráiteas airgeadais seo, caithfidh an Coimisiún

- beartais chuntasaíochta cuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm go seasta;
- meastachán agus breithiúnais atá réasúnach agus críonna a dhéanamh;
- tagairt a dhéanamh de gur nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta cuí, faoi réir aon difríochtaí ábhartha nochtaithe agus mínithe sna ráitis airgeadais;
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chuí cuntais a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta in am ar bith stad airgeadais an Choimisiúin agus a chumasaíonn don Choimisiún deimhin a dhéanamh de go dtagann ráitis airgeadais le ceanglais an Achta. Tá an Bord freagrach as sócmhainní Bhord Gáis Éireann a choinneáil slán agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun críche calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc.

**Isolde Goggin**
Cathaoirleach
An Coimisiún um Rialáil Chumarsáide
27 Marta 2006

# Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEITHEAMH 2005

### Freagracht maidir leis an gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Ar son an Choimisiúin um Rialáil Chumarsáide (ComReg) aithním an fhreagracht as deimhin a dhéanamh de go gcothaítear córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh airgeadais agus go bhfeidhmítear é chomh maith.

Tá córas ann a dheimhníonn go réasúnta ach ní go dearfach go bhfuil sócmhainní á gcoinneáil slán, agus go bhfuil idirbhearta ceadaithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuiltear ag cosc earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfar faoi deara earráidí nó neamhrialtachtaí in am tráthúil.

### Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun timpeallacht cuí rialaithe a chinntiú trí

- Freagrachtaí bainistíochta a shonrú go soiléir;
- Gnáthaimh fhoirmiúla a bhunú maidir le feallta rialaithe suntasacha a thuairisciú agus gníomh cuí chun iad a chur i gceart a thógáil.

Tá próiseas bunaithe ag an gCoimisiún chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí

- nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí roimh an gcomhlacht a aithint agus an méid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha san áireamh chomh maith;
- an seans go dtarlódh na rioscaí aitheanta a mheas;
- cumas an chomhlachta chun na rioscaí a thagann aníos a bhainistiú agus a mhoilliú a mheas;
- costais na rialaithe faoi léith a chur i bhfeidhm i gcoibhneas leis an leas bainte amach a mheas.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat rialta fianaise bainistíochta, nósanna imeachta riarachán lena n-áirítear scagadh dualgas, córas dealagáideachta agus cuntasaíochta. San áireamh go háirithe tá:

- córas cuimsitheach buiséadta le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus atá chomhaontaithe ag an gCoimisiún;
- athbhreithnithe rialta ag an gCoimisiún ar thuairiscí tráthúla agus ar thuairiscí bliantúla airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na réamhaisnéisí;
- spriocanna a leagadh amach chun feidhmíochtaí airgeadais agus feidhmíochtaí eile a thomhas;
- treoirlínte soiléire le haghaidh rialú infheistíocht chaipitiúil;
- disciplín foirmiúil tionscadal bainistíochta .

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an gCoimisiún, a fheidhmíonn de réir an Chreatchóid don Sárchleachtas sonraithe sa Chód Cleachtais um Rialáil Chomhlachtaí Stáit. Tá obair an iniúchta inmheánaigh bunaithe ar anailís ar an riosca a bhfuil ComReg neamhchosainte roimhe, agus tá na pleananna inmheánacha iniúctha bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Déanann an Coiste Iniúchta anailís ar riosca a athbhreithniú agus ceadaíonn an Coiste Iniúchta agus an Coimisiún na pleananna inmheánacha iniúchta. Gach bhliain ar an laghad, cuireann an Iniúchóir Inmheánach tuairisc chuig an gCoiste Iniúchta agus chuig an gCoimisiún le tuairisc ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. San áireamh sa tuarascáil seo tá tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh ar leordhóthanacht agus éifeachtúlacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais.

